Athbhreithniú Bliantúil 2025
Annual Review 2025

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# RANNÁN CHULTÚIR
# CULTURE DIVISION











Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# CLÁR AN ÁBHAIR
# CONTENTS


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 04 |
| Clár Éire Ildánach | 08 |
| Clár Comórtha | 16 |
| Seirbhís Leabharlainne | 22 |
| Seirbhís Ealaíon | 32 |
| An tIonad Cultúrtha Réigiúnach | 42 |
| Músaem Contae Dhún na nGall | 48 |
| Seirbhís Cartlainne | 56 |
| Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall | 62 |
| Oifig Bithéagsúlachta | 70 |
| Fotheidil Grianghraf | 78 |
| Acrainmneacha | 82 |

| | |
|---|---|
| Foreword | 04 |
| Creative Ireland Programme | 08 |
| Commemorative Programme | 16 |
| Library Service | 22 |
| Arts Service | 32 |
| Regional Cultural Centre | 42 |
| Donegal County Museum | 48 |
| Archives Service | 56 |
| County Donegal Heritage Office | 62 |
| Biodiversity Office | 70 |
| Photo Captions | 78 |
| Acronyms | 82 |

# RÉAMHRÁ
# FOREWORD

**Bliain mhór a bhí in 2025 don Rannán Cultúir i nDún na nGall, ina raibh soláthar láidir ar fud ár seirbhísí agus plé fiúntach le pobail ar fud an chontae.**

Rinne tionscnaimh de chuid Éire Ildánach amhail Cruinniú na nÓg, Take 5 agus duaiseanna tionscadail daoine idir óg agus aosta a chumasú le tabhairt faoin chruthaitheacht, sláinte agus féiniúlacht chultúrtha. Tá tuiscint an phobail ar an stair áitiúil agus náisiúnta níos doimhne mar gheall ar ár gClár Comórtha, agus tá an tSeirbhís Leabharlainne fós ina mol fáilteach faoi choinne litearthachta, foghlama agus ceangail sa phobal. Tá leabharlanna lárnach i saol cultúrtha Dhún na nGall fós, agus na céadta míle cuairt agus féilire iontach imeachtaí acu.

Chuir an tSeirbhís Ealaíon agus an tIonad Réigiúnach Cultúrtha araon leis an tsaol chultúrtha, agus iad ag tacú le healaíontóirí gairmiúla agus ag méadú rannpháirtíocht idirchultúrtha trí thaispeántais, léirithe, féilte agus cláir imeachtaí.

Chuir Músaem an Chontae, an tSeirbhís Cartlainne, an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Bithéagsúlachta ionchur luachmhar ar fáil maidir le ceiliúradh ár staire agus ár gcultúir, cosaint oidhreachta agus tionscnaimh ríthábhachtacha caomhnaithe agus bithéagsúlachta a chur chun cinn. Trí thaispeántais, cláir oideachais agus comhpháirtíochtaí pobail, rinne na seirbhísí seo bonneagar cultúrtha Dhún na nGall a neartú agus muintearas agus bród a chothú.

Tugtar le fios san Athbhreithniú seo an díograis, an chruthaitheacht agus an comhoibriú a thugann brí do thírdhreach cultúrtha Dhún na nGall. Ceiliúradh atá ann ar obair fhoireann an Rannáin Cultúir agus ar na daoine agus na heagraíochtaí a bhíonn ag comhoibriú linn le cinntiú go mbíonn an cultúr so-aimsithe, ionchuimsitheach agus ag croílár shaol an phobail

**Eamonn Brown**
A/Stiúrthóir Seirbhíse

**Maureen Kerr**
Bainisteoir Roinne

**2025 was a significant year for the Culture Division in Donegal, marked by strong delivery across our services and meaningful engagement with communities throughout the county.**

Through Creative Ireland initiatives such as Cruinniú na nÓg, Take 5, and project awards empowered people of all ages to explore creativity, wellbeing, and cultural identity. Our Commemorative Programme deepened public understanding of local and national history, while the Library Service continued to thrive as a welcoming hub for literacy, learning, and community connection. With hundreds of thousands of visits and a dynamic calendar of events, libraries remained central to Donegal's cultural life.

The Arts Service and Regional Cultural Centre each made significant contributions, supporting professional artists and expanding intercultural engagement through exhibitions, performances, festivals and events programmes.

The County Museum, Archives Service, Heritage Office, and Biodiversity Office each provided valuable input to celebrating our history and culture, safeguarding heritage, and advancing vital conservation and biodiversity initiatives. Through exhibitions, educational programmes, and community partnerships, these services strengthened Donegal's cultural infrastructure and fostered a sense of belonging and pride.

This Review reflects the dedication, creativity, and collaboration that make Donegal's cultural landscape so vibrant. It is a celebration of the work of the Culture Division team and the people and organisations who collaborate with us to ensure culture remains accessible, inclusive, and at the heart of community life.

**Eamonn Brown**
A/Director of Service

**Maureen Kerr**
Divisional Manager

# Gníomhartha Straitéiseacha - Dul Chun Cinn in 2025

https://www.donegalculture.ie/ga/seirbhisi/leabharlanna/polasaithe-agus-foilseachain/

| Sprioc | Gníomh 1 | Gníomh 2 | Gníomh 3 | Gníomh 4 | Gníomh 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sprioc 1: Cultúr a chomhdhlúthú chun freastal ar riachtanais reatha agus ar éilimh atá ag fás** | Tacú le hinfheistíocht mhéadaithe sa Rannán Cultúir — gníomhaíocht amháin | Clár ceannaireachta foirne agus forbartha fórsa saothair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don fhoireann agus don bhainistíocht — 2 ghníomhaíocht | Foireann na Rannóige Cultúir a leathnú chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí — 9 ngníomhaíocht | Comhpháirtíochtaí atá ann cheana a neartú agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt — 9 ngníomhaíocht | |
| **Sprioc 2: Caighdeán saoil agus folláine a fheabhsú trí éagsúlacht, rannpháirtíocht agus páirtíocht ghníomhach sa Chultúr a mhéadú** | Oideachas áitiúil agus náisiúnta a neartú agus a fhorbairt mar aon le cláir foghlama ar feadh an tsaoil, tacaíochtaí agus deiseanna - 7 ngníomhaíocht | Oibriú lena chinntiú go mbíonn deis ag gach duine páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chultúrtha — 5 ngníomhaíocht | Ár gclár bliantúil d'imeachtaí cultúrtha saor in aisce a neartú agus a fhorbairt — 16 ngníomhaíocht | Cláir agus gníomhaíochtaí for-rochtana a aithint, a fhorbairt agus a leathnú — 8 ghníomhaíocht | Cláir a cheapadh agus a fhorbairt a dhíríonn ar theaghlaigh agus ar dhaoine níos sine - 7 ngníomhaíocht |
| **Sprioc 3: Tacú le gairmithe agus grúpaí cultúrtha a gcultúr agus a gcruthaitheacht féin a fhorbairt agus braistint áite agus féiniúlachta a threisiú** | Scéimeanna deontais a chur chun feidhme chun tacú le gairmithe cultúir, grúpaí pobail agus tionscadail - 8 ghníomhaíocht | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghairmithe cultúir i bhforbairt a ngairmeacha beatha — 3 ghníomhaíocht | Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt foirmeacha nua agus nuálacha de léiriú cultúrtha agus cruthaitheach — 2 ghníomhaíocht | | |
| **Sprioc 4: Dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn i mbainistiú agus i bhforbairt an chultúir** | Caomhnú agus leasú ár mbailiúchán cultúir a fheabhsú — 10 ghníomhaíocht | Straitéis DhiStraitéis Dhigiteach a fhorbairt chun deiseanna a chruthú le teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn — gan aon ghníomhaíochtaí giteach a fhorbairt chun deiseanna a chruthú le teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn — 2 ghníomhaíocht | Beartais agus prótacail a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun dea-chleachtas a chinntiú — 2 ghníomhaíocht | Pleananna straitéiseacha arna bhforbairt mar a comhaontaíodh le heagraíochtaí comhpháirtíochta a chur i gcrích — gníomhaíocht amháin | |
| **Sprioc 5: Luach an Chultúir a chur in iúl** | Plean cumarsáide agus margaíochta comhcheangailte a fhorbairt, a acmhainniú agus a chur i bhfeidhm dár seirbhísí cultúrtha — gníomhaíocht amháin | Feasacht a mhúscailt maidir le luach ár gcultúr — 14 ghníomhaíocht | Taighde an Choimisiúin agus sonraí a bhailiú maidir leis an gcultúr — gan aon ghníomhaíochtaí | | |
| **Sprioc 6: Infheistíocht inár mbonneagar caipitil a dhaingniú agus a uasmhéadú** | Maoiniú a fháil chun clár athchóirithe, cothabhála agus inrochtana ar ár bhfoirgnimh chultúrtha a chur i bhfeidhm — gníomhaíocht amháin | Bonneagar cultúrtha nua a fhorbairt chun seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar — 4 ghníomhaíocht | Plean a fhorbairt, a acmhainniú agus a chur i bhfeidhm maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin — gan aon ghníomhaíochtaí | | |
| **Sprioc 7: Forbairt chultúrtha a threorú, comhairle a thabhairt di, eolas a chur uirthi agus tionchar a imirt uirthi** | Comhairle a chur ar fáil do dhaoine aonair, do phobail agus d'fhoireann Chomhairle Contae Dhún na nGall agus do chomhaltaí tofa ar cheisteanna cultúir — 11 ghníomhaíocht | Obair agus saineolas an Rannáin Cultúir a chomhtháthú tuilleadh le polasaithe agus cláir oibre Chomhairle Contae Dhún na nGall — 3 ghníomhaíocht | Ár n-ionadaíocht agus ár rannpháirtíocht inár gcomhlachtaí gairmiúla a mhéadú, lena n-áirítear straitéisí, tionscadail agus cláir — 9 ghníomhaíocht | | |

## Strategic Actions - Progress in 2025

https://www.donegalculture.ie/en/services/libraries/policies-and-publications/

| Goal | Action 1 | Action 2 | Action 3 | Action 4 | Action 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Goal 1:** **Consolidate and grow our resources for culture to meet existing needs and growing demands s** | Advocate for increased investment in the Culture Division – 1 activity | Develop and implement a programme of team leadership and workforce development for staff and management – 2 activities | Expand Culture Division staff to meet the demand for services – 9 activities | Strengthen existing partnerships and develop new partnerships – 9 activities | |
| **Goal 2:** **Enhance quality of life and well-being through increasing diversity, engagement and active participation in Culture** | Strengthen and develop local and national education and lifelong learning programmes, supports and opportunities – 7 activities | Work to ensure that everyone has an opportunity to participate in cultural activity – 5 activities | Strengthen and develop our annual programme of free cultural events – 16 activities | Identify, develop and expand programmes and outreach activities – 8 activities | Devise and develop programmes targeting families and older people – 7 activities |
| **Goal 3:** **Support cultural professionals and groups to develop their own culture and creativity and reinforce sense of place and identity** | Implement grant schemes to support culture professionals, community groups and projects - 8 activities | Continue to support culture professionals in the development of their careers – 3 activities | Continue to support the development of new and innovative forms of cultural and creative expression – 2 activities | | |
| **Goal 4:** **Employ and promote best practice in the management and development of culture** | Improve the preservation and conservation of our culture collections – 10 activities | Develop a Digital Strategy to embrace opportunities created by new and emerging technologies – 2 activities | Develop and implement policies and protocols to ensure best practice – 2 activities | Deliver on strategic plans developed as agreed with partner organisations – 1 activity | |
| **Goal 5:** **Communicate the Value of Culture** | Develop, resource and implement a joined-up communications and marketing plan for our cultural services – 1 activity | Raise awareness of the value of our culture – 14 activities | Commission research and gather data on culture – No activity | | |
| **Goal 6:** **Secure and maximise investment in our capital infrastructure** | Secure funding to implement a programme of refurbishment, maintenance and accessibility to our cultural buildings – 1 activity | Develop new cultural infrastructure to deliver a quality service – 4 activities | Develop, resource and implement a plan for climate change mitigation and adaptation – No activity | | |
| **Goal 7:** **Lead, advise, inform and influence cultural development** | Provide advice to individuals, communities and Donegal County Council staff and elected members on culture issues – 11 activities | Further integrate the work and expertise of the Culture Division into Donegal County Council's policies and work programmes – 3 activities | Increase our representation on and participation in our professional bodies, including strategies, projects and programmes – 9 activities | | |

# CLÁR ÉIRE ILDÁNACH
# CREATIVE IRELAND PROGRAMME

Ba bhliain iontach eile é 2025 d'Éire Ildánach i nDún na nGall. Tacaíodh le réimse leathan imeachtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, lena n-áirítear 25 tionscadal ar bronnadh maoiniú orthu tríd an Scéim Dámhachtana Tionscadal Cultúir & Cruthaitheachta. Chuidigh na tionscnaimh seo le pobail áitiúla páirt a ghlacadh le cultúr agus cruthaitheacht ar fud an chontae. San iomlán, bhí 376 duine cruthaitheach páirteach i dtionscnaimh arna tacú ag an chlár, agus 10,455 duine ag freastal ar imeachtaí ar fud Dhún na nGall.

2025 was another exciting year for Creative Ireland in Donegal. A wide range of cultural and creative engagements were supported, including 25 projects awarded funding through the Culture & Creativity Project Award Scheme. These initiatives helped local communities actively engage with culture and creativity across the county. In total, 376 creative individuals were involved in initiatives supported by the programme, with 10,455 people attending events across Donegal.

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*



## Cruinniú na nÓg

Bhí Cruinniú na nÓg, Lá Náisiúnta na Cruthaitheachta do Dhaoine Óga, ar siúl ar an 6 Meitheamh, 2025. Ghlac 3,181 páiste agus duine óg páirt i níos mó ná 35 imeacht in ionaid ar fud an chontae, lena n-áirítear Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, leabharlanna, ionaid ealaíon agus hallaí pobail.

Bhí baill de Chomhairle na nÓg Dhún na nGall páirteach i gclár Chruinniú na nÓg a eagrú agus bhí ról tábhachtach acu ina fhorbairt.

Cumasaíodh forbairt chláir an Oileáin Chomhroinnte, an Gheilleagair Oíche agus na Gaeilge mar gheall ar iarratais rathúla maoinithe sa bhreis. Cuireadh maoiniú ar fáil do chúig thionscadal breise fosta:

1. Sraith de cheardlanna dioscmharcaíochta agus léiriúcháin cheoil mar chuid den Gheilleagar Oíche, agus seóthaispeántas san áireamh.
2. Tugadh páistí ó chúlraí éagsúla le chéile trí chlár scoileanna Éagsúlachta an Oileáin Chomhroinnte.
3. Rinne clár Bithéagsúlachta an Oileáin Chomhroinnte ceiliúradh ar an dúlra i scoileanna, agus reáchtáladh imeacht fóirsteanach do theaghlaigh ag Anaclann Éanlaithe Fiáine na hInse ag an deireadh.
4. Clár imeachtaí Gaeilge dírithe ar an Ghaeltacht lena n-áirítear Arainn Mhór.
5. Ceiliúradh réigiúnach ar an ealaín “This Is Art”.

## Cruinniú na nÓg

Cruinniú na nÓg, the National Day of Creativity for Younger People, took place on June 6th, 2025. 3,181 children and young people participated in over 35 events in venues across the county, including Family Resource Centres, libraries, arts centres and community halls.

Members of Donegal Youth Council continued to participate in Cruinniú na nÓg programming and played a vital role in its development.

Additional successful funding applications enabled the development of Shared Island, Night-Time Economy and Irish-language programmes. Five additional projects were funded:

1. A Night-Time Economy series DJ and production workshops, including a showcase.
2. A Shared Island Diversity schools programme brought together children from diverse backgrounds.
3. A Shared Island Biodiversity programme celebrated nature through schools, culminating in a family friendly event at Inch Wildfowl Reserve.
4. An Irish Language programme of events which focused on Gaeltacht regions including Óilean Arainn Mhór.
5. A regional “This Is Art” celebration of artwork.



## Scéim na nDámhachtainí Tionscadail Chultúir agus Chruthaitheachta

Cuireadh ar fáil trí Scéim na nDámhachtainí Tionscadal Cultúir & Cruthaitheachta deontais de €2,000 an ceann do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair do thionscadail a spreag comhoibriú idir pobail agus speisialtóirí oidhreachta, ealaíontóirí, gairmithe cultúir agus/nó tionscail chruthaitheacha. Fuarthas 79 iarratas agus tacaíodh le 25 ceann acu. Bhí idir cheiliúrthaí cultúrtha comhoibríocha agus scéalaíocht tríd an chineamagrafaíocht i gceist. Is féidir liosta de na hiarratasóirí rathúla a fheiceáil ag https://www.donegalculture.ie/ga/seirbhisi/clar-eire-ildanach/sceim-damhachtaini-tionscadal-cultuir-cruthaitheachta/.

## Culture & Creativity Project Awards Scheme

The Culture & Creativity Project Awards Scheme offered grants of €2,000 each to community groups and individuals for projects that encouraged collaboration between communities and heritage specialists, artists, culture professionals and/or creative industries. 79 applications were received, 25 of which were supported. They ranged from collaborative cultural celebrations to a storytelling through cinematography project. A list of the successful applicants can be viewed at https://www.donegalculture.ie/en/services/creative-ireland/culture-and-creativity-project-awards/.

## Take 5

Ba thionscnamh cruthaitheach sláinte agus folláine é Take 5 de chuid an Oileáin Chomhroinnte a chur clár saincheaptha go háitiúil ar fáil inar chomhcheanglaíodh rannpháirtíocht chruthaitheach le seirbhísí sláinte agus folláine. Bhí Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Contae Dhún na nGall in ann comhoibriú a dhéanamh leis an FSS, Oideasóirí Sóisialta, Líonra na bPobal Sláintiúil i nDoire agus ar an Srath Bán, agus le páirtithe cultúrtha sa réigiún a bhuí le maoiniú de €50,000, a fuarthas trí iarratas rathúil de chuid Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte d'Éire Ildánach.

An sprioc a bhí ag an tionscadal ná go gcuirfeadh na rannpháirtithe lena bhféinmheas agus lena mianach agus go ndéanfaidís meon cruthaitheach a fhorbairt. Tharla an clár le linn cúig seachtaine agus é bunaithe ar chúig théama: 'tabhair', 'bí gníomhach', 'bí ag foghlaim', 'tabhair aird' agus 'ceangail'; bhí imeacht ag an deireadh a thug na rannpháirtithe uilig le chéile. Bhí seacht ngrúpa san Iarthuaisceart ag plé le cruthaitheacht le tacaíocht cleachtóra chruthaithigh dhíograisigh. I measc na dtéamaí bhí gluaiseacht chruthaitheach, ealaín agus mósáicí, drámaíocht, forbairt cheoil, agus scríbhneoireacht chruthaitheach. Cuireadh gach clár in oiriúint do riachtanais agus suimeanna sainiúla an ghrúpa, le hábharthacht agus tábhacht laistigh den chomhthéacs áitiúil a chinntiú.

An toradh ná clár ionchuimsitheach, comhdheartha a chuir le mothúcháin sláinte, ceangail agus inspioráide cruthaithí i measc rannpháirtithe, a spreag éascaitheoirí cruthaitheacha le bheith ag plé le sláinte ina gcuid cleachtas, agus a chuir deis ar fáil do pháirtithe leasmhara comhoibriú a dhéanamh ar mhaithe le pobail chomhroinnte.

## Take 5

Take 5 was a Shared Island creative health and wellbeing initiative that delivered a locally tailored programme integrating creative engagement into health and wellbeing services. Funding of €50,000, secured through a successful Shared Island Creative Ireland application, enabled Donegal County Council's Culture and Creativity Team to collaborate with the HSE, Social Prescribers, the Healthy Communities Network in Derry and Strabane, and regional cultural partners.

The project aimed for participants to build self-esteem and resilience and develop a creative mindset. The programme took place over five weeks around five themes: 'give', 'be active', 'keep learning', 'take notice' and 'connect'; culminating in an event bringing all participants together. Seven groups in the Northwest explored creativity with the support of a dedicated creative practitioner. Themes included creative movement, art and mosaics, drama, music development, and creative writing. Each programme was adapted to the specific needs and interests of the group, ensuring relevance and resonance within the local context.

The result was an inclusive, co-designed programme which enhanced a feeling of wellbeing, connection and creative inspiration among participants, encouraged creative facilitators to explore wellbeing within their practice, and provided an opportunity for stakeholders to work collaboratively to the benefit of shared communities.



## Scéalaithe Frances Browne: Seeing Beyond Sight

Foilsíodh díolaim úr in ómós do Frances Browne in 2025 ina bhfuil scríbhneoirí Éireannacha a bhfuil lagamhairc orthu. Díolaim faoi leith is ea é Seeing Beyond Sight, ina ndéantar ceiliúradh ar chruthaitheacht na scríbhneoirí dalla agus lagamhairc ar fud na hÉireann. Ghlac scríbhneoirí cruthaitheacha lagamhairc ó gach cearn den tír páirt i sraith de cheardlanna ar líne a d'óstáil an scríbhneoir Isla McGuckin, atá lonnaithe i nDún na nGall, agus a thacaigh le rannpháirtithe agus iad ag forbairt a gcuid saothar. Cnuasach bríomhar scéalta atá ann, atá lán le cruthaitheacht agus greann agus a chothaíonn comhbhá agus ceangal. Ní hamháin gur léir cruthaitheacht na rannpháirtithe, ach tiomantas do rochtain ar rannpháirtíocht fosta.

Rinneadh an cnuasach le cló mór, tá sé ar fáil go digiteach ar son léitheoirí scáileán, agus, le tacaíocht Vision Ireland, cuireadh leagan Braille ar fáil le hiasacht tríd an tSeirbhís Leabharlainne fosta - rud a chinntigh gur féidir taitneamh a bhaint as i mbealaí difriúla. Tá an díolaim ar fáil ar líne ag https://www.donegalculture.ie/media/0tsnuu13/frances-browne-storytellers-seeing-beyond-sight.pdf

## Frances Browne Storytellers: Seeing Beyond Sight

In 2025 a new anthology honouring Frances Browne with voices from Ireland's vision-impaired writers was published. Seeing Beyond Sight, is a unique anthology celebrating the creativity of blind and vision-impaired writers across Ireland. Visually impaired creative writing enthusiasts from across Ireland participated in a series of online workshops hosted by Donegal-based writer Isla McGuckin, who supported contributors in developing their work. It showcases a vibrant collection of stories filled with creativity and humour which foster empathy and connection. It reflects not only the creativity of the contributors, but also a commitment to accessibility to participation.

The collection has been produced in large print, is available digitally for use with screen readers, and with the support of Vision Ireland, a Braille edition has also been made available to borrow through the Library Service - ensuring it can be enjoyed in a number of ways. The anthology is available online at https://www.donegalculture.ie/media/0tsnuu13/frances-browne-storytellers-seeing-beyond-sight.pdf

## Vital Voices: Ceabairé Idirchultúrtha

Rinne Ceabairé Idirchultúrtha sraith iontach d'imeachtaí ealaíon, cultúir agus bia ar fud Dhún na nGall. Tharla taispeántais ag na háiteanna seo a leanas: an tIonad Cultúrtha Réigiúnach, Amharclann an Ghrianáin, Féile Idirnáisiúnta Ealaíon Máire an Chlochán Léith, Ionad Ealaíon na Mainistreach agus Pictiúrlann Bhun Chranncha. Neartaigh an tionscadal an cumas cruthaitheach i bpobail Dhún na nGall, atá ag éirí níos éagsúla de réir a chéile, trí níos mó deiseanna a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta, infheiceálachta agus forbairt ealaíonta.

Cuir an Ceabairé ardán ionchuimsitheach ar fáil do phobail faoi ghannionadaíocht lena n-oidhreacht chultúrtha agus saothar cruthaitheach comhaimseartha a roinnt, agus i measc na n-ealaíontóirí bhí FeliSpeaks, Dagogo Hart, grúpa damhsa Phobal Indiach Leitir Ceanainn, Anne Omodara, Theresa Kavanagh, Nasya Igelige, Eoghan Ó Ceannabháin, Denise Blake, Asad Abushark agus Keith Corcoran. D'éascaigh an clár malartuithe fiúntacha idir cleachtóirí seanbhunaithe agus ealaíontóirí áitiúla atá ag teacht chun cinn. Tacaíodh le meantóireacht, piarfhoghlaim agus fás ealaíonta sa timpeallacht seo.

## Vital Voices: Intercultural Cabaret

Intercultural Cabarets delivered a high-impact series of arts, culture and food events across Donegal. Performances took place in the Regional Cultural Centre, An Grianán Theatre, The Mary from Dungloe International Arts Festival, The Abbey Arts Centre and Buncrana Cinema. The project strengthened creative capacity within Donegal's increasingly diverse communities by expanding opportunities for participation, visibility and artistic development.

The Cabarets provided an inclusive platform for underrepresented communities to share their cultural heritage and contemporary creative work, featuring artists such as FeliSpeaks, Dagogo Hart, Letterkenny Indian Community dance group, Anne Omodara, Theresa Kavanagh, Nasya Igelige, Eoghan Ó Ceannabháin, Denise Blake, Asad Abushark and Keith Corcoran. The programme facilitated meaningful exchanges between established practitioners and emerging local artists. This environment supported mentorship, peer learning and artistic growth.


YEARS
IN THE
MAKING

# CLÁR COMÓRTHA COMMEMORATIVE PROGRAMME

**In 2025 sholáthair an Rannán Cultúir (Seirbhísí Músaeim, Cartlainne agus Leabharlainne) sraith de thionscadail comórtha a bhí mealltach agus eolasach arna maoiniú ag an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.**

**In 2025 the Culture Division (Museum, Archives and Library Services) delivered a series of engaging and informative Commemorative projects funded by the Department of Culture, Communications and Sport.**


Leabhair
Ghaeilge




## Comhdháil ar Chomóradh Céad Bliain Choimisiún na Teorann

Reáchtáladh an chomhdháil aon lae i Seanteach Cúirte Leifir. Bhí réimse cainteanna ar siúl inar pléadh Coimisiún na Teorann, na heachtraí a thit amach 100 bliain ó shin agus an tionchar ar ár bpobail. Ba iad an Dr Kieran Rankin, an Dr Cormac Moore, Patrick Duffy, an Dr Niamh Brennan na cainteoirí agus don díospóireacht phainéil sa tráthnóna bhí an modhnóir Paddy Harte agus na baill phainéil an Dr Liam Campbell, an Dr Lynsey Black agus Jim McBride. Chomh maith leis sin, bhí léiriú gairid de dhráma dar teideal 'All Change' le Jonathan Burgess agus Blue Eagle Productions. D'fhreastail níos mó ná 80 duine ar an gcomhdháil.

## Conference on the Centenary of the Boundary Commission

The one-day conference was held in the Old Courthouse Lifford. There were a variety of talks which explored the Boundary Commission, the events which happened 100 years ago and its impact on our communities. The speakers were Dr Kieran Rankin, Dr Cormac Moore, Patrick Duffy, Dr Niamh Brennan and for the panel discussion in the afternoon, moderator Paddy Harte, and panel members Dr Liam Campbell, Dr Lynsey Black and Jim McBride. There was also a short drama presentation by Jonathan Burgess and Blue Eagle productions, entitled 'All Change'. Over 80 people attended the conference.




## Digitiú Cartlann ón tSeirbhís Cartlainne

Digitíodh miontuairiscí cruinnithe idir 1909 agus 1959 de chuid Choiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall agus beidh siad seo ar fáil saor in aisce ar ár suíomh gréasáin www.donegalculture.ie. Acmhainn staire speisialta nach n-úsáidtear rómhinic atá sna taifid phoiblí seo, a bhaineann le stair Dhún na nGall agus na hÉireann sa 20ú haois . I miontuairiscí Choiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall cuirtear in iúl an saol agus an fhorbairt tuaithe in Éirinn le linn tréimhse fáis, athraithe agus réabhlóide. Bhí ról tábhachtach ag an Roinn agus a cuid Coistí maidir le cuidiú le forbairt na ngeilleagar áitiúil agus maidir le saol daoine i bpobail tuaithe a athrú ón bhochtaineacht, ón tsaothrú agus/nó ón fheirmeoireacht ar scála beag go níos mó rath eacnamaíochta, réimse níos leithne feirmeoireachta agus tionscail mheasctha.

## Digitisation of Archives from the Archives Service

Donegal County Committee of Agriculture minutes of meetings, dating from 1909 to 1959, were digitised and will be made freely accessible on our website www.donegalculture.ie. These public records are a unique and under-utilised historical resource for 20th century Irish and Donegal history. The Donegal County Committee of Agriculture minutes reflect and depict rural life and development in Ireland at a time of growth, change, and revolution. The Department and its Committees played significant roles in assisting in the development of local economies and in advancing people's lives in rural communities out of poverty, small scale labouring and/or farming to relative prosperity, a wider range of farming and mixed industries.

## Ceardlanna Drámaíochta 'The Evicted'

Reáchtáladh ceardlann faoi script dráma nua dar teideal 'The Evicted' leis an staraí agus drámadóir Kieran Kelly i Músaem Chontae Dhún na nGall. Tá an dráma suite díreach i ndiaidh díshealbhuithe Dhoire Bheatha in 1861, agus leanann sé triail Francis Bradley, tionónta díshealbhaithe ar cuireadh ina leith gur dhúnmharaigh sé duine de na báillí i gceannas ar na díshealbhuithe.  Tá an dráma bunaithe ar fhianaisí oifigiúla ón tréimhse agus ar thaighde fairsing, agus tá sé á fhorbairt le roinnt blianta. Ba é an t-aisteoir agus stiúrthóir gairmiúil Charlie Bonner a reáchtáil an cheardlann, agus sa chéad trí lá chuathas tríd an script le haisteoirí gairmiúla sular tugadh grúpa cumasach aisteoirí áitiúla isteach. Tugadh cuireadh do lucht féachana de mhic léinn drámaíochta na háite agus de dhaoine eile ón phobal a raibh suim acu freastal ar léamh an dráma. I ndiaidh an léimh, thug an lucht féachana aiseolas faoin léiriú, agus bhí an t-aiseolas sin thar a bheith dearfach.  Táthar ag súil go léireofar an dráma ina iomláine in ionad fóirsteanach in 2026.

## 'The Evicted' Drama Workshops

Donegal County Museum facilitated the workshopping of a script for a new play by historian and playwright Kieran Kelly, entitled 'The Evicted'. Set just after the Derryveagh evictions in 1861, the play follows the courtroom trial of Francis Bradley, an evicted tenant who was accused of murdering one of the bailiffs in charge of the evictions.  Based on official testimonies from the period and extensive research, the play has been in development for several years. Under the direction of professional actor and director Charlie Bonner the first three days of workshopping involved going through the script with professional actors who were then joined by a talented group of local actors. An invited audience of local drama students and other interested members of the public attended a reading of the play. Following the reading, the audience provided feedback on the performance which was overwhelmingly positive.  It is hoped to present a full performance of the play in a suitable venue in 2026.



## Imeachtaí stairiúla do pháistí le linn Wainfest

Bhí sraith de cheardlanna agus cainteanna oideachasúla ar siúl le linn Wainfest, agus an aidhm acu teachtaireachtaí comórtha chlár 2025 a thabhairt do pháistí bunscoile ar fud Dhún na nGall. Bhí triúr éascaitheoirí i mbun na seacht gceardlann - an staraí, údar agus léachtóir cáiliúil an Dr Angela Byrne, an staraí agus YouTuber John D Ruddy, agus an staraí Seosamh Ó Ceallaigh - agus scrúdaigh siad stair dhomhain na tréimhse tábhachtaí seo, rud a mheall daltaí scoile 11-12 bhliain d'aois i mbealach a bhí éasca agus taitneamhach. Bhí 224 duine óg san iomlán páirteach i leabharlanna ar fud an chontae..

## History related children's events during Wainfest

Wainfest featured a series of educational workshops and talks whose aim was to bring the commemorative messages of the 2025 programme to primary school audiences across Donegal. Seven workshops were led by three facilitators - renowned historian, author, and lecturer Dr. Angela Byrne; YouTuber and Historian John D Ruddy and historian Seosamh Ó Ceallaigh – who delved into the rich history of this significant period, engaging school children aged 11-12 in an accessible and fun manner. A total of 224 young people participated in libraries throughout the county.



# SEIRBHÍS LEABHARLAINNE
# LIBRARY SERVICE

## Do Leabharlann Áitiúil: Croí an Phobail i nDún na nGall

Bhí tóir ní ba mhó ar ár leabharlanna ar fud an chontae arís in 2025, agus tháinig méadú 15% sa líon cuairteoirí - breis is 394,000 - i gcomparáid le 2024.

Tugadh breis agus 172,000 mír ar iasacht ó leabharlanna, agus leanann úsáid acmhainní ar líne ag fás bliain i ndiaidh bliana. Lean an tseirbhís ar aghaidh ag forbairt clár oibre, stoic agus acmhainní ar líne le tacú lena ról sa phobal.

## Your Local Library: The Heart of the Community in Donegal

Our libraries across the county continued to grow in popularity in 2025, seeing an increase in visitor numbers of almost 15% - over 394,000 - when compared with 2024.

Over 172,000 items were borrowed from our libraries and the use of online resources continues to grow year on year. The service continued to develop work programmes, stock, and online resources to support its role in the community.



Tá níos mó ná iasachtaí leabhar i gceist le leabharlanna i nDún na nGall; moil bhríomhara phobail atá iontu, áit ar féidir le hidir óg agus aosta dul i mbun foghlama, bualadh le daoine eile agus sult a bhaint as imeachtaí saor in aisce. In 2025 chuir na leabharlanna spásanna ar fáil ina bhfuil fáilte roimh chách, ina bhfuil rochtain saor in aisce ar eolas, teicneolaíocht, imeachtaí cultúrtha agus níos mó.

Chuir na leabharlanna clár bliana éagsúil ar fáil d'imeachtaí cultúrtha, oideachasúla agus dírithe ar an phobal. Tháinig na himeachtaí seo le misean na seirbhíse leabharlainne tacú le litearthacht, cultúr, cruthaitheacht, scileanna digiteacha agus ionchuimsiú pobail ar fud an chontae.

Cuireadh tús le clubanna fichille i roinnt craobhacha agus tá an-tóir ag imreoirí fichille orthu. Cuireadh ciorcail chomhrá ar bun i gcraobhacha ar mhaithe le Gaeilgeoirí. Tugann na grúpaí neamhfhoirméalta seo deis do dhaoine a gcuid scileanna Gaeilge a chleachtadh agus iad ag bualadh le daoine agus ag nascadh leis an phobal. D'oibrigh an tseirbhís leabharlainne le scéalaithe dalla agus lagamhairc le díolaim dhigiteach, Seeing Beyond Sight, a fhorbairt, a lainseáladh mar chuid d'Fhéile Liteartha Frances Browne i mí Dheireadh Fómhair agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na leabharlainne.

Libraries in Donegal are more than places to borrow books; they are vibrant community hubs where people of all ages can learn, meet others, and enjoy free events. In 2025 libraries continued to create spaces where everyone feels at home, with free access to information, technology, cultural events, and more.

Libraries offered a diverse year-round programme of cultural, educational and community focused events. These events reflect the library service's mission to support literacy, culture, creativity, digital skills, and community inclusion across the county.

Chess clubs were introduced to several branches and have proved very popular with keen chess players. For Irish language enthusiasts, a number of ciorcail chomhrá were established in branches. These informal groups give people the opportunity to improve their Irish language skills while making new friends and connecting to their community. The library service worked with blind and vision impaired storytellers to develop a digital anthology, Seeing Beyond Sight, which was launched as part of the Frances Browne Literary Festival in October and is available to view on the library website.



## Litearthacht do Theaghlaigh

Leathadh amach cláir Litearthacht do Theaghlaigh ar fud an chontae tríd an tionscnamh náisiúnta litearthachta Ceart Chun Léitheoireachta. Tá bunghrúpa feachtas agus tacaíochtaí náisiúnta sa chlár, lena n-áirítear: Spring into Storytime, an clár léitheoireachta Summer Stars, málaí leabhar Little Library Bags agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann. Tionscadal rathúil eile ná Stories We Share, i gcomhar le Forbairt Áitiúil Dhún na nGall. Tugadh líon mór teaghlach le chéile ag seisiúin scéalaíochta i Leabharlann na mBailte Nasctha, i Lárleabharlann Leitir Ceanainn, agus i Leabharlann Phobail na Rosann le ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht, ar an ionchuimsiú, ar an imirce agus ar na rudaí iomadúla atá i gcoitinne ag daoine. Fuair na teaghlaigh paca léitheoireachta ag gach seisiún, a bhí lán le leabhair dea-mhaisithe ionchuimsitheacha le tabhairt abhaile leo. Bhí an t-ionchuimsiú ina théama i rith na bliana le forbairt Málaí Scéalta don Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. D'oibrigh an tSeirbhís Leabharlainne le Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall, Líonra Leitir Ceanainn agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le trí mhála scéalta a chruthú a dhéanann ceiliúradh ar an ionchuimsiú agus a dhíríonn ar na téamaí seo a leanas: struchtúr an teaghlaigh, cultúr na hÚcráine agus cultúr Gaelach. Tá na málaí scéalta seo ar fáil ar iasacht saor in aisce ó chraobh leabharlainne ar bith.

## Family Literacy

Family Literacy programmes were rolled out across the county through the national literacy initiative Right to Read. The programme includes a core set of national campaigns and supports such as: Spring into Storytime, Summer Stars reading programme, Little Library Bags and Family Time at your Library. Another successful project included Stories We Share, in partnership with Donegal Local Development CLG. A number of storytelling sessions in the Twin Towns Library, Central Library, Letterkenny, and Leabharlann Phobail na Rosann brought together a host of families to celebrate diversity, inclusion, migration and the many things people share. At each session, families received a free reading pack, filled with beautifully illustrated, inclusive books to enjoy at home. The inclusion theme continued throughout the year with the development of Diversity and Inclusion Storysacks. The Library Service worked with Donegal County Childcare Committee, Líonra Leitir Ceanainn and Donegal ETB to create three story sacks which celebrate inclusion and focus on the themes of family structure, Ukrainian culture and Irish language and culture. These storysacks are available to borrow free from any branch library.



## Litearthacht d'Aosaigh

Leathadh amach cláir um litearthacht d'aosaigh trí obair na Seirbhíse Leabharlainne ar an Chomhghuaillíocht Réigiúnach um Litearthacht d'Aosaigh. Is é ról na Comhghuaillíochta an straitéis Adult Literacy for Life a chur i bhfeidhm i nDún na nGall. Tá sé ina aidhm ag an straitéis cinntiú go bhfuil an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach ag gach duine le bheith páirteach agus rathúil sa tsaol. Mar chuid den straitéis agus i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, d'fhorbair an tseirbhís leabharlainne réimse leabhar oibre um litearthacht d'aosaigh le húsáid in éineacht le leaganacha simplithe de leabhair mór le rá. Tá sé mar aidhm ag na leabhair oibre seo tacú le daoine fásta a gcuid scileanna Béarla a fheabhsú. Clúdaíonn siad léitheoireacht, scríbhneoireacht, gramadach agus tuiscint. Tá 40 cóip d'achan teideal atá nasctha leis na saotharleabhair.

## Adult Literacy

Adult literacy programmes were rolled out through the Library Service's work on the Regional Adult Literacy Coalition. The Coalition's role is to implement the Adult Literacy for Life strategy in Donegal. The strategy aims to ensure that everyone has literacy, numeracy and digital literacy to participate in society and succeed in life. As part of the strategy and in partnership with Donegal ETB the library service developed a range of adult literacy workbooks to be used in conjunction with literacy-friendly versions of popular books. These workbooks aim to support adults to improve their English language skills. They cover reading, writing, grammar and comprehension. There are 40 copies of each of the titles linked to the workbooks.

## Feabhra Cruthaitheach

Bhí ríméad ar an tSeirbhís Leabharlainne gur roghnaíodh an t-údarás áitiúil le bheith páirteach i bhFuadar Feabhra, atá ina chuid den tionscnamh Scoileanna Ildánacha. An aidhm atá ag an tionscadal seo ná cumas cruthaitheach gach páiste a chothú agus is í an Chomhairle Ealaíon atá á stiúradh i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tríd an chomhpháirtíocht seo, chuir an tSeirbhís Leabharlainne i láthair cumas ealaíonta agus samhlaíocht iontach na ndaltaí ó Chnoc na Naomh i nGort an Choirce, Scoil Cholmcille i Lárleabharlann Leitir Ceanainn agus Scoil Náisiúnta an Bhroclais i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair. D'oibrigh an t-ealaíontóir áitiúil Leanne McLaughlin leis na trí scoil roimh na taispeántais agus chríochnaigh siad le maidin ceiliúrtha sa Lárleabharlann. Thaistil an fhoireann ó Scoileanna Ildánacha go Dún na nGall le bualadh leis na daltaí, múinteoirí agus baill foirne a bhí páirteach. Ní hamháin go gcothaíonn an tionscnamh seo scileanna ealaíonta, ach cothaíonn sé cumarsáid, comhoibriú agus rannpháirtíocht i measc na ndaltaí.

## Creative February

The Library Service was delighted to be one of the few local authorities that was chosen to be part of Creative February, which is part of the Creative Schools initiative. This project aims to foster the creative potential of every child and is led by the Arts Council in partnership with the Department of Education and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. Through this partnership, the Library Service showcased the incredible artistic talent and imagination of students from Cnoc na Naomh in Gort an Choirce, Scoil Cholmcille in Central Library, Letterkenny and Bruckless National School in Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair. Local artist Leanne McLaughlin worked with the three schools in the lead up to the exhibitions which culminated in a morning of celebration in Central Library. The team from Creative Schools travelled to Donegal to meet the students, teachers and staff involved. This initiative not only nurtures artistic skills, but also fosters communication, collaboration, and a sense of belonging among students.




## Seachtain na Gaeilge

Bhí Seachtain na Gaeilge ar siúl ón 1 Márta go dtí an 17 Márta. Is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í Seachtain na Gaeilge le Energia a thugann deis do gach duine sult a bhaint as an Ghaeilge, cibé acu is cainteoir líofa, foghlaimeoir thú nó go bhfuil cúpla focal agat, le féilire imeachtaí siamsúla agus spraíúla do gach cineál spéise agus gach aoisghrúpa. Cuireadh meascán iontach de 80 taispeántas ar siúl i leabharlanna, lena n-áirítear imeachtaí damhsa, ealaíne, scéalaíochta, ceardlainne agus ceoil. Eagraítear an fhéile i gcomhar le Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall. D'oibrigh an Chomhairle i gcomhar le Pleanáil Teanga na Rosann, Líonra Leitir Ceanainn, BSG an Chlocháin Léith agus Forbairt na Rosann, a thacaigh leis an tSeirbhís Leabharlainne le maoiniú agus a chuidigh agus a ghlac páirt ag imeachtaí.

## Seachtain na Gaeilge

Seachtain na Gaeilge ran from March 1st until March 17th. Seachtain na Gaeilge le Energia is an international Irish language festival which gives an opportunity to everyone to enjoy Irish, whether they are a fluent speaker, learner or have a cúpla focal, with a calendar of entertaining and fun events for every type of interest and every age group. An exciting mix of 80 performances including dance, art, storytelling, workshops, and music events were provided in libraries. The festival is organised in partnership with Donegal County Council's Rannóg na Gaeilge. The Council also worked in collaboration with Pleanáil Teanga na Rosann, Líonra Leitir Ceanainn, BSG An Clochán Liath and Forbairt na Rosann who supported the Library Service with funding and helped at and participated in events.

## Seoladh Gairdín Céadfach ag Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin

Seoladh an gairdín nua céadfach ag Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin i mí na Bealtaine. Is spás fáilteach é an gairdín nua a dearadh chun tacú le riachtanais chéadfach daoine de gach aois agus cumas. Tá an Gairdín Céadfach lonnaithe ar fhearann na leabharlainne agus cóiríodh meascán de dhromchlaí tadhaill, plandaí cumhra agus spreagthaí amhairc agus fuaime ann. Timpeallacht shábháilte agus shuaimhneach atá ann do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu, daoine a bhfuil deacrachtaí acu le próiseáil chéadfach agus duine ar bith atá ag lorg spás ciúin le haghaidh machnaimh agus scíthe.

## Sensory Garden launched at Bundoran Community Library

The new sensory garden at Bundoran Community Library was launched in May. The new garden is a welcoming space designed to support the sensory needs of individuals of all ages and abilities. Located on the library grounds, the Sensory Garden features a carefully curated mix of tactile surfaces, fragrant plants along with visual and sound stimuli. It offers a safe and peaceful environment for children with additional needs, individuals with sensory processing challenges and anyone seeking a tranquil space for reflection and relaxation.

## Bealtaine

Cruthaitheacht, pobal agus nascadh do dhaoine breacaosta a bhí ina mórthéamaí ag féile na bliana seo ar fud an chontae. Bhí 70 imeacht ar fud Dhún na nGall agus ceantar Chomhairle Ceantair Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ar an chlár, agus tharla 58 gcinn díobh in ionaid de chuid an Rannáin Chultúir lena n-áirítear leabharlanna, Músaem an Chontae agus an tIonad Cultúrtha Réigiúnach.

I measc na n-imeachtaí bhí ceol, damhsa, drámaíocht, scannáin, litríocht, ceardaíocht, amharc-ealaíona agus scéalaíocht idirghlúine, rud a thagann le héiteas na féile maidir le daoine breacaosta mar ealaíontóirí, rannpháirtithe agus sa lucht féachana. Gné tábhachtach ná gur chuir an clár béim ar an ionchuimsiú, agus imeachtaí Gaeilge, néaltrúbhá agus aoisbhá ar siúl in áiteanna tuaithe agus uirbeacha.

Buaicphointe de chuid na féile 2025 ná méadú 30% sa tinreamh san iomlán i gcomparáid le 2024, agus 1,112 duine ag freastal ar imeachtaí in ionaid an Rannáin Chultúir. Léiríonn an fás seo neart na gcomhpháirtíochtaí pobail, rannpháirtíocht taibheoirí áitiúla agus iarrachtaí saincheaptha for-rochtana.

## Bealtaine

This year's festival once again championed creativity, community, and connection for older audiences across the county. The programme featured 70 events across Donegal and the Derry City and Strabane District Council area, with 58 of those delivered through Culture Division venues including libraries, the County Museum and the RCC.

Events spanned music, dance, theatre, film, literature, craft, visual arts, and intergenerational storytelling, reflecting the festival's ethos of older people as artists, participants and audiences. Importantly the programme also emphasised inclusivity, offering Irish-language, dementia-friendly, and age-friendly events across rural and urban settings.

A key highlight of the 2025 festival was a 30% increase in overall attendance compared to 2024, with 1,112 attendees recorded across events in Culture Division venues. This growth is a testament to the strength of community partnerships, local performer engagement, and tailored outreach efforts.


ECO-UNESCO
Abhainn – Burn – River



## Scileanna don Saol

Tugadh isteach clár nua náisiúnta Scileanna don Saol in 2025, ina dtugtar rochtain do phobail ar dheiseanna praiticiúla foghlama le tacú leis an ghnáthshaol faoi sé théama: Bunscileanna Digiteacha; Litearthacht Airgeadais; Scileanna Gnó agus Fostaíochta; Feasacht Sláinte; agus Saol Inbhuanaithe agus Feasacht Timpeallachta. Leathadh amach a lán tionscnamh i rith na bliana, lena n-áirítear moil dhigiteacha Cliceáil agus Foghlaim i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, ceardlanna Conas Uacht a Dhéanamh a thug dlíodóirí áitiúla, ceardlanna Slándáil, Scéimeanna Cama agus Gutháin Chliste le tuiscint ar na meáin a fheabhsú, i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, agus ceardlanna Níos Lú Dramhaíola, Saol Níos Fearr a reáchtáil baill foirne a dhírigh aird ar Fhearais Fuinnimh Baile le hídiú agus caillteanas fuinnimh a mheasúnú sa bhaile.

## Skills For Life

A new nationwide Skills for Life programme was introduced in 2025, offering communities access to practical learning opportunities to support everyday life under six themes: Basic Digital Skills; Financial Literacy; Media Literacy; Business and Employment Skills; Health Awareness; and Sustainable Lifestyles and Environmental Awareness. Many initiatives were rolled out through the course of the year including Click and Learn Digital Hubs in partnership with Donegal ETB, Workshops on How to Make a Will delivered by local solicitors, Security, Scams and Smartphones workshops to increase media literacy in collaboration with Donegal ETB, and Waste Less Live Better workshops run by staff highlighting the availability of Home Energy Kits to assess energy consumption and loss in the home.

## Europe Direct

Tá Europe Direct Leitir Ceanainn lonnaithe sa Lár-Leabharlann, Leitir Ceanainn. Is tionscnamh de chuid an Chomisiúin Eorpaigh é Europe Direct a sholáthraíonn eolas logánta, le bheith mar dhroichead idir an AE agus saoránaigh trí líonra ionad áitiúil agus seirbhís teagmhála lárnach. Cuireann sé eolas ilteangach, pearsantaithe agus saor in aisce ar fáil maidir le cearta, beartais agus maoiniú de chuid an AE, agus cothaíonn sé rannpháirtíocht áitiúil i ndíospóireachtaí maidir le cúrsaí AE. Reáchtáladh réimse imeachtaí eolais rathúla san ionad le linn 2025, lena n-áirítear léacht maidir le Mífhaisnéis agus Bréagaisnéis taobh istigh den AE le Tim Hayes, IarCheannasaí na Cumarsáide ag Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn.

## Europe Direct

Europe Direct Letterkenny is located within the Central Library, Letterkenny. Europe Direct is a European Commission initiative providing localised information, acting as a bridge between the EU and citizens through a network of local centres and a central contact service. It offers free, multilingual, and personalized information about EU rights, policies, and funding, while fostering local engagement in debates on EU affairs. There were a range of successful information events held in the centre during 2025 including a lecture on Misinformation and Disinformation within the EU by Tim Hayes, Former Head of Communication at European Commission Representation in Ireland.

## Wainfest

Bhí Féile Ealaíon agus Leabhar do Pháistí Wainfest ar siúl ón 4 go dtí an 12 Deireadh Fómhair. Ba cheiliúradh ar dhaoine óga inár gcontae é an téama Do Ghuth, Do Rogha . Is spás é Wainfest ina spreagtar daoine óga chun a gcuid smaointe a roinnt, iad féin a chur in iúl gan bhac, agus mothú go gcloistear iad. Le linn na féile, cuireadh fáilte roimh na mílte páistí, múinteoirí, teaghlach agus taibheoirí i leabharlanna, ionaid Taobh Tíre, spásanna faoin aer, músaeim agus ionaid chultúrtha ar fud an chontae.  I measc na dtéamaí i gceardlanna ar an chlár bhí scéalaíocht, drámaíocht, ceol, litríocht, damhsa, rap, STEAM, stair, ealaíona agus ceardaíocht agus an comhshaol.

## Wainfest

Wainfest Children's Arts and Book Festival took place from the 4th to the 12th of October. The theme Your Voice, Your Choice was a celebration of the young people in our county. Wainfest is a space where young people are encouraged to share their ideas, express themselves freely, and feel heard. The festival welcomed thousands of children, teachers, families and performers into libraries, Taobh Tíre centres, outdoor spaces, museums and cultural venues across the county.  The programme included storytelling, theatre, music, literature, dance, rap, STEAM, history, arts and crafts and environmental themed workshops.

## Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Tugann an clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann rochtain saor in aisce ar acmhainní sláinte agus folláine, lena n-áirítear leabhar, r-acmhainní agus imeachtaí agus cainteanna éagsúla ar siúl ar fud 13 chraobh leabharlainne. Is foinse luachmhar é an clár le haghaidh eolas sláinte sa phobal, agus tá béim ar shláinte intinne agus fhisiciúil, cothú, agus folláin ghinearálta. I measc na dtionscnamh bhí aireachas cruthaitheach, strus scrúduithe do dhéagóirí, teiripe cheoil, caint ar shláinte agus cothú agus ceardlanna maidir le treisiú imdhíonachta geimhridh.

## Healthy Ireland at your Library

The Healthy Ireland at Your Library programme provides free access to health and wellbeing resources, including books, e-resources, and various events and talks held across all 13 library branches. The programme is a valuable source for health information in the community, focusing on mental and physical health, nutrition, and overall wellbeing. Initiatives included creative mindfulness, exam stress for teens, music therapy, a health and nutrition talk and winter immune boosting workshops.

## Malartú Gheansaithe na Nollag sa Lárleabharlann

Reáchtáladh Malartú Gheansaithe na Nollag i Lárleabharlann Leitir Ceanainn i mí na Nollag. Bhí baint ag cúrsaí aeráide / inbhuanaitheachta leis an tionscnamh mar an aidhm a bhí ann ná an t-éileamh ar tháirgeadh nua a laghdú, le hastaíochtaí carbóin agus úsáid uisce mar gheall ar tháirgeadh teicstílí a ísliú. Tríd an athúsáid, ní chuirtear an oiread céanna amú agus sábhálann teaghlaigh airgead.

## Christmas Jumper Swap at Central Library

Central Library, Letterkenny hosted a Christmas Jumper Swap in December. The initiative had a climate / sustainability element to it as the aim was to reduce demand for new production, thus lowering carbon emissions and water usage associated with textile manufacturing. By choosing to reuse, we cut waste and help families save money.

# SEIRBHÍS EALAÍON
# ARTS SERVICE

Tugann an tSeirbhís Ealaíon tosaíocht do chláir a chuireann ar chumas níos mó saoránach agus ó chúlraí éagsúla a bheith rannpháirteach sna healaíona agus a thacaíonn le healaíontóirí gairmiúla agus le heagraíochtaí ealaíon.

The Arts Service prioritises programmes which enable more and a greater diversity of citizens to engage with the arts and support professional artists and arts organisations.





## Maoiniú Straitéiseach Comhpháirtíochta

Cuireadh €107,000 ar fáil d'eagraíochtaí gairmiúla ealaíon lena n-áirítear Ionad Ealaíon Balor agus DCA Balor, Bealach Féich; Ionad Ealaíon na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh; Amharclann Ghaoth Dobhair, Artlink an Dúin Riabhaigh, an Gailearaí Doire Beag agus Summer Palace Press, Cill Chartha.

## Sparánachtaí d'Ealaíontóirí

Sholáthair Scéim Sparánachtaí na nEalaíontóirí sparánachtaí de €900 an duine do 56 de phríomhealaíontóirí gairmiúla an chontae.

## Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm

Ba bhuaicphointe ar chlár na 25ú féile é an Ceiliúradh ar Bhrian Ó Frighil, comóradh deich mbliana ó bhás an drámadóra. Curtha i láthair i gcomhar le hIonad Bhriain Uí Fhrighil, chualathas sleachta ó shaothar Bhriain Uí Fhrighil le Sinéad Cusack, Ciarán Hinds, Adrian Dunbar, Ingrid Craigie agus Stephen Rea; léiriú de Faith Healer ag Halla Margaidh na nGleannta agus oscailt theach athchóirithe mháthair an Fhrighiligh, The Laurels Cottage and Gardens.

Bhí dhá imeacht rathúla i gCaisleán Dhún na nGall le linn na féile - oíche scéalaíochta agus cheoil le hEithne Ní Ghallchobhair, Steve Cooney agus Dermot Byrne agus dráma nua - Lady Morgan and Lola Montez - ina raibh Maura Logue agus Marianne Fahy.

Bhí Carnabhal Bhéal Átha Seanaidh, a stiúir Carnabhal Inis Eoghain agus a raibh an Púca ina théama air, ar cheann de na carnabhail ba rathúla chuige seo, agus breis is 200 taibheoirí agus lucht féachana teaghlaigh de níos mó na 1,500 duine i láthair. Bhí comóradh deich mbliana ag Donegal Voices leis an Requiem de chuid Brahms sna Gleannta agus i mBéal Átha Seanaidh, agus léirigh Donegal Drama Circle an dráma The Odd Couple (leagan baineann) de chuid Neil Simon thar trí oíche ag Halla Pobail Leghowney.

## Strategic Partnership Funding

€107,000 was provided to professional arts organisations including Balor Arts Centre and Balor DCA, Ballybofey; Abbey Arts Centre, Ballyshannon; Amharclann Ghaoth Dobhair, Artlink Fort Dunree, An Gailearaí Doire Beag and Summer Palace Press, Cill Chartha.

## Artists' Bursaries

The Artists' Bursaries Scheme provided bursaries of €900 each to 56 of the county's leading professional artists.

## Donegal Bay and Blue Stacks Festival

The Celebration of Brian Friel programme, marking the 10th anniversary of the playwright's passing, was a highlight of the 25th festival. Presented in association with the Brian Friel Centre, it featured readings from Brian Friel's works by Sinéad Cusack, Ciaran Hinds, Adrian Dunbar, Ingrid Craigie and Stephen Rea; a performance of Faith Healer at Glenties Market Hall and the opening of the refurbished Friel maternal homestead, The Laurels Cottage and Gardens.

The festival hosted two successful events in Donegal Castle – an evening of storytelling and music with Eithne Ní Ghallchobhair, Steve Cooney and Dermot Byrne and a new drama – Lady Morgan and Lola Montez – with Maura Logue and Marianne Fahy.

The Púca–themed Carnival Ballyshannon, led by Inishowen Carnival, was one of the most successful to date, featuring over 200 performers and attracting a family audience of over 1,500. Donegal Voices celebrated their 10th anniversary with the Brahms Requiem in Glenties and Ballyshannon, while Donegal Drama Circle presented Neil Simon's The Odd Couple (Female Version), over three nights at Leghowney Community Hall.



## Ealaíona agus Éagsúlacht Chultúrtha

Neartaigh an Rannán Cultúir a ghealltanas don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) trí thús a chur le forbairt Bheartais CÉI, le tacaíocht ó Ghrúpa Oibre inmheánach agus Grúpa Comhairleach seachtrach.

## Rannpháirtíocht agus Taibhiú

Lean an tSeirbhís ar aghaidh le comhoibriú le daoine as pobail de dhath, agus chuir ní ba mó deiseanna ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta agus léiriú cultúrtha, arna tacú ag Éire Ildánach agus ag an Chiste um Infheistíocht Shóisialta de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta.

I measc na mbuaicphointí bhí léirithe ilchultúrtha le linn Oíche Chultúir, ceabairé Vital Voices i ngach Ceantar Bardasach, Intercultural Art-in-Action, an chónaitheacht Building Communities through Smartphone Filmmaking i nGartán agus an clár Fly-A-Kite for Diversity le hIonaid Acmhainní Teaghlaigh an chontae.

## Arts and Cultural Diversity

The Culture Division strengthened its commitment to Equality, Diversity and Inclusion (EDI) by initiating the development of an EDI Policy, supported by an internal Working Group and an external Advisory Group.

## Participation and Performance

Supported by Creative Ireland and the Housing Finance Agency's Social Investment Fund, the Service continued its collaboration with individuals from BAME communities, broadening opportunities for participation and creative expression.

Highlights included multicultural performances during Culture Night, Vital Voices cabarets in each Municipal District, Intercultural Art-in-Action, the Building Communities through Smartphone Filmmaking residential at Gartan and the Fly-A-Kite for Diversity programme with the county's Family Resource Centres.

## Clár Meantóireachta d'Ealaíontóirí

Cuireadh leis an Chlár Meantóireachta trí chomhpháirtíochtaí le hAmharclann an Ghrianáin, leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, le hIonad Ealaíon Bhaloir agus le Artlink. Tríd an tionscnamh Scoileanna Ildánacha de chuid an Oileáin Chomhroinnte, d'oibrigh an tSeirbhís le sé scoil agus bhí siad páirteach ar phainéil chomhairleacha na Sláinte Cruthaithí agus Chruinniú na nÓg de chuid an Oileáin Chomhroinnte.

Daingníodh rannpháirtíocht idirchultúrtha ar fud an chontae trí rannpháirtíocht sa tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta agus tríd an tacaíocht leanúnach do Mela Dhún na nGall.

## Artist Mentor Programme

The Mentorship Programme expanded through partnerships with An Grianán Theatre, the RCC, Balor Arts Centre and Artlink. Through the Shared Island Creative Schools initiative, the Service worked with six schools and contributed to the Shared Island Creative Health and Cruinniú na nÓg advisory panels.

Participation in Social Inclusion Week and continued support for the Donegal Mela further embedded intercultural engagement throughout the county.

## Oíche Chultúir

Tugadh níos mó ná 6,000 cuairt ar 30 ionad agus imeacht timpeall an chontae ar an 17ú Oíche Chultúir. Gné den chlár ba ea an éagsúlacht chultúrtha a chuimsigh rannpháirtíocht grúpaí rince agus córúla Indiacha agus Úcránacha atá lonnaithe i nDún na nGall chomh maith le léirithe focal labhartha agus téatair ag ealaíontóirí áitiúla as Éirinn, as an Afraic Theas, as an Nigéir agus as an tSiombáib.

## Culture Night

The 17th Culture Night generated over 6,000 visits to 30 venues and events around the county. Cultural diversity was a feature of the programme which included participation by Donegal based Indian and Ukrainian dance and choral groups and spoken word and theatre performances by locally based Irish, South African, Nigerian and Zimbabwean artists.

## Ceolchoirm an Chathaoirligh

Cuidíodh leis an Chathaoirleach, an Comhairleoir Niamh Kennedy, i mí Aibreáin le ceolchoirm a léiriú agus a chur i láthair ag Amharclann an Ghrianán ar son Sheirbhísí Foréigin Teaghlaigh Dhún na nGall. Ba iad Moya Brennan agus Mairéad Ní Mhaonaigh a chuir an seó i láthair agus sheinn siad beirt ar an oíche, chomh maith leis The Friel Sisters, Danu Young Women's Choir, George Houston, Maura Logue, Valerie Bryce, Manus Lunny agus Nia Ní Bheirne.

## An Cathaoirleach's Concert

In April, An Cathaoirleach, Cllr. Niamh Kennedy, was assisted to produce and present a concert at An Grianán Theatre for Donegal Domestic Violence Services. Hosted by Moya Brennan and Mairéad Ní Mhaonaigh, it featured performances by the hosts and by The Friel Sisters, Danu Young Women's Choir, George Houston, Maura Logue, Valerie Bryce, Manus Lunny and Nia Ní Bheirne.



## Tacú le Saothar Nua

Thacaigh maoiniú de chuid Éire Ildánach le Féile Liteartha Frances Browne le cóiriú a choimisiúnú ar ghearrscéal do pháistí de chuid Frances Browne, The Tale of Merrymind, le Fidget Feet Aerial Dance Theatre, agus léiríodh an seó ceithre huaire i Srath an Urláir i mí Dheireadh Fómhair.

Rinne Arts Over Borders léamha cleachta de thrí dhráma chlasaiceacha - Dancing at Lughnasa, Translations agus Faith Healer - de chuid Bhriain Uí Fhrighil a chur i láthair sna Gleannta agus i nDún Lúiche i mí Lúnasa, mar chuid dá bhféile Friel Days.

Tugadh tacaíocht agus ardán do thaispeántas Charnabhal Inis Eoghain mar phríomh-mhír d'Oíche Chultúir, agus tugadh cuidiú d'Ionad Cois Locha a sraith aitheanta ceolchoirmeacha Trad Tráthnóna a dhéanamh arís i mí Iúil agus i mí Lúnasa.

Coimisiúnaíodh an dealbhóir Rory Harron as Inis Eoghain le saothar ealaíne poiblí a chruthú le comóradh a dhéanamh ar an Bhráthair Séamas Ó hÉigeartaigh O.P. (1649-1711) a nocht Nuinteas an Phápa, a Shoilse an tArdeaspag Luis Mariano Montemajor ag Carraig Uí Éigeartaigh, Bun Cranncha, i mí Aibreáin. Maoiníodh an coimisiún tríd an Chiste um Aitheantas Pobail agus maoiniú Per Cent for Art ó chlár tithíochta na Comhairle agus seachadadh é leis an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha Pobail.

Chuir an file Cathal Ó Searcaigh oíche filíochta, cheoil agus amhránaíochta i láthair le Lillis Ó Laoire, Kate Newmann agus Cormac de Barra ag Dámhlann an Ghleanna i mí Iúil.

## Supporting New Work

Supported also by funding from Creative Ireland, Frances Browne Literary Festival was enabled to commission an adaptation by Fidget Feet Aerial Dance Theatre of Frances Browne's children's story, The Tale of Merrymind, which enjoyed four performances in Stranorlar in October.

Arts Over Borders presented rehearsed readings of three classic Brian Friel plays - Dancing at Lughnasa, Translations and Faith Healer - in Glenties and Dún Lúiche in August, as part of its Friel Days Festival.

Inishowen Carnival's Púca spectacle was supported and platformed as a centrepiece of Culture Night, while Ionad Cois Locha was assisted to revive its popular Trad Tráthnóna concert series in July and August.

Inishowen sculptor Rory Harron was commissioned to create a public art work commemorating Friar Seamus Hegarty O.P. (1649-1711) which was unveiled at Hegarty's Rock, Buncrana in April, by the Papal Nuncio, His Excellency Archbishop Luis Mariano Montemajor. The commission was funded through the Community Recognition Fund and Per Cent for Art funding from the Council's housing programme and delivered with the Planning and Community Development Directorate.

Poet Cathal Ó Searcaigh hosted an evening of poetry, music and song with Lillis Ó Laoire, Kate Newmann and Cormac de Barra at Dámhlann an Ghleanna in July.

## AMHARCLANN AN GHRIANÁIN

Cuir Amharclann an Ghrianáin tús le hoibreacha móra athchóirithe ina halla, áit ar cuireadh isteach suíocháin agus cairpéid nua - arna cómhaoiniú ag an Chiste um Aitheantas Pobail.

I measc bhuaicphointí an chláir bhí an léiriú tí de Lisdoon Nirvana de chuid Frankie McCafferty, a tugadh ar camchuairt chuig ionaid ar fud na hÉireann. Chuir an amharclann fáilte roimh chéadchuairt Chomhlacht Náisiúnta Damhsa na hÉireann, Luail, fosta.

Tacaíodh le naonúr ealaíontóirí áitiúla le Sparánachtaí Dearcán, lena n-áirítear Aoife Sweeney O'Connor, Alice Malseed, Dorothy Duffy, Danielle James, Gráinne Curistan, Karen Quinn, Isaac Quinn, Shannon Welby agus Genevieve Hulme-Beaman.

## IONAD EALAÍON NA MAINISTREACHA

Chuir Ionad Ealaíon na Mainistreach clár oibreacha caipitiúla i gcrích arna maoiniú ag Access Arts agus Scéim Caipitil Cultúir agus Comhairle Contae Dhún na nGall. Cuireadh trealamh nua fuaime agus stáitse isteach, soilsiú LED ar fud an fhoirgnimh agus córais nua ghrianchumhachta agus teaschaidéil, rud a rinne an foirgneamh saor ó úsáid breoslaí iontaise.

Sa chlár gnóthach taispeántas bhí seónna grinn le Anne Gildea, Conal Gallen agus Tommy Marren agus ceol le hOnóir, Muireann Bradley, Lorraine McCauley, Dr. Feelgood, Luka Bloom, Séimí O'Dowd agus Pat McManus.

I measc na mbuaicphointí amharclainne bhí Calendar Girls de chuid Ballyshannon Drama Society i mí Dheireadh Fómhair; léiriú Don Wycherley de The Life and Times of Paddy Armstrong d'Fhéile Ealaíon Allingham i mí na Samhna agus an gheamaireacht tí, Rapunzel, i mí na Nollag.

## AN GRIANÁN THEATRE

An Grianán Theatre commenced major renovation works in its auditorium where new seating and carpets – co-funded through the Community Recognition Fund - were installed.

Programming highlights included the in-house production of Frankie McCafferty's Lisdoon Nirvana, which also toured to venues across Ireland. The theatre also welcomed the inaugural visit of Irish National Dance Company, Luail.

Nine local artists were supported through Acorns Bursaries, including Aoife Sweeney O'Connor, Alice Malseed, Dorothy Duffy, Danielle James, Gráinne Curistan, Karen Quinn, Isaac Quinn, Shannon Welby and Genevieve Hulme-Beaman.

## ABBEY ARTS CENTRE

The Abbey Arts Centre completed a programme of capital works funded by the Access Arts and Culture Capital Scheme and Donegal County Council. This included new sound and staging equipment, the fitting of LED lighting throughout the building and the installation of solar power and heat pump systems, making the building fossil fuel free.

A busy performance programme included comedy shows by Anne Gildea, Conal Gallen and Tommy Marren and music with Onóir, Muireann Bradley, Lorraine McCauley, Dr. Feelgood, Luka Bloom, Séimí O'Dowd and Pat McManus.

Theatre highlights included Ballyshannon Drama Society's Calendar Girls in October; Don Wyncherly's performance of The Life and Times of Paddy Armstrong for Allingham Arts Festival in November and the in-house produced pantomime, Rapunzel, in December.


CAN

## FÉILE EALAÍON AN EARAGAIL

D'fhreastail beagnach 20,000 duine ar Fhéil Ealaíon an Earagail agus bhí níos mó na 440 ealaíontóir ar an stáitse. Sa 38ú bliain den fhéile, an bua is mó aici ná an freastal idirchultúrtha ar fud na gceantar bardasach ar fad, agus an méadú leanúnach in éagsúlacht rannpháirtithe, lucht féachana agus oibrithe deonaithe na féile, chomh maith le forbairt cónaitheachtaí ealaíne agus coimisiúnú saothar nua.

### Ealaíona Sorcais agus Sráide

I measc na n-imeachtaí i nGaoth Dobhair agus i gCaisleán na Finne bhí Tumble Circus, Professor Barnard Medicine Show agus Mo Cheol an Sorcas, agus ba bhuaicphointe mór é an taispeántas Bamboo de chuid NoFit State ag Castle Grove Country House.

### An Gaeltacht

Lean an fhéile lena gealltanas don Ghaeilge le imeachtaí lonnaithe sa Ghaeltacht, lena n-áirítear na saothair dhamhsa, Steps into the Wild agus Miss Mary, ar Oileán Ghabhla.

### Ealaíona Camchúirte

I measc na mbuaicphointí idirnáisiúnta agus Éireannacha bhí Macalla (Éire, an Iaráic), Session Americana (SAM), Ramper agus Maighréad agus Tríona Ní Dhomhnaill.

## EARAGAIL ARTS FESTIVAL

Earagail Arts Festival's programme was enjoyed by nearly 20,000 people and featured over 440 artists. In its 38th year, the festival's most significant achievement was its intercultural reach across all municipal districts, with a continued increase in the diversity of festival participants, audiences and volunteers, alongside the development of artist residencies and commissioning new works.

### Circus and Street Arts

Events in Gaoth Dobhair and Castlefin featured Tumble Circus, Professor Barnard Medicine Show and Mo Cheol an Sorcas, while NoFit State's Bamboo spectacle at Castle Grove Country House was a major highlight.

### An Gaeltacht

The festival continued its commitment to the Irish language with Gaeltacht-based events including dance works, Steps into the Wild and Miss Mary, on Oileán Ghabhla.

### Touring Arts

International and Irish highlights included Macalla (Ireland, Iraq), Session Americana (USA), Ramper and Maighréad agus Tríona Ní Dhomhnaill.



# AN tIONAD CULTÚRTHA RÉIGIÚNACH
# REGIONAL CULTURAL CENTRE



In 2025, lean an tIonad Cultúrtha Réigiúnach (ICR) air a ról a chomhlíonadh mar phríomhionad ealaíon ildisciplíneach, agus clár ardchaighdeáin aige maidir le hamharc-ealaíona, ceol, scannáin, litríocht, agus rannpháirtíocht an phobail. Thug The Irish Times "ceann de na háiseanna ealaíon is fearr sa tír" ar an ICR agus d'fhan sé ina chrann taca cultúrtha do Dhún na nGall agus don Iarthuaisceart i gcoitinne. Ba iad an Chomhairle Ealaíon, Comhairle Contae Dhún na nGall, agus réimse comhpháirtithe maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a thacaigh le gníomhaíochtaí i rith na bliana.

Chuir an ICR clár uaillmhianach ionchuimsitheach ar fáil, agus d'fhreastail ar fheabhas ealaíonta agus inrochtaineacht araon. Le linn 2025, reáchtáladh breis is 700 ceardlann, caint, taispeáint, rang agus imeacht poiblí san Ionad, agus cuireadh fáilte roimh chuairteoirí ó Éirinn agus ó thíortha thar lear, agus cumas cruthaitheacht Dhún na nGall i lár an aonaigh i gcónaí.

In 2025, the Regional Cultural Centre (RCC) continued to fulfil its role as a leading multi-disciplinary arts centre, delivering a high-quality programme across visual arts, music, film, literature, and public engagement. Described by The Irish Times as "one of the finest arts facilities in the country," the RCC remained a cultural anchor for Donegal and the wider Northwest. Activity throughout the year was supported by the Arts Council, Donegal County Council, and a range of national and international funding partners.

The RCC delivered an ambitious and inclusive programme, balancing artistic excellence with accessibility. Throughout 2025, the Centre hosted over 700 workshops, talks, screenings, classes, and community events, welcoming visitors from across Ireland and internationally, while consistently showcasing and supporting Donegal-based creative talent.





## Ceol agus Fuaim

Bhí ceol lárnach do ghníomhaíochtaí an ICR arís in 2025. Thacaigh an tIonad le 141 ceoltóir gairmiúil trí sheónna íoctha, chomh maith le rannpháirtíocht grúpaí óige agus pobail.

I gcomhar le Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP), thacaigh an ICR le cláir oideachais cheoil ar fud an chontae, lena n-áirítear oiliúint cheolfhoirne, forbairt ghrúpaí, cosáin foghlama fadsaoil do rannpháirtithe idir óg agus aosta.

Chothaigh Stiúideonna Fuaime an ICR an clár cónaitheachta a bhfuil clú náisiúnta air, agus thacaigh le 12 cheoltóir agus ealaíontóir fuaime le saothar nua a fhorbairt maidir le ceol turgnamhach, fuaime scannáin, agus cleachtas idirdhisciplíneach. I measc an cheoil bheo i rith na bliana bhí ceol traidisiúnta Éireannach, ceol tíre, ceol clasaiceach, snagcheol, ceol nua-aimseartha, punc, agus ceol domhanda, rud a chur go mór le fuinneamh cultúrtha agus sóisialta Leitir Ceanainn.

## Music and Sound

Music remained central to RCC activity in 2025. The Centre supported 141 professional musicians through paid performances, alongside extensive participation by youth and community ensembles.

In partnership with the Donegal Music Education Partnership (DMEP), the RCC supported county-wide music education programmes, including orchestral training, ensemble development, and lifelong learning pathways for participants of all ages.

The RCC Sound Studios sustained their nationally recognised residency programme, supporting 12 musicians and sound artists to develop new work across experimental music, film sound, and interdisciplinary practice. Live music programming throughout the year encompassed Irish traditional, folk, classical, jazz, contemporary, punk, and world music, contributing to the cultural and social vitality of Letterkenny.



## Seachtain Cheoil Thraidisiúnta Leitir Ceanainn

Le linn Sheachtain Cheoil Thraidisiúnta Leitir Ceanainn 2025, a cuireadh i láthair i gcomhar le hAmharclann an Ghrianáin, rinneadh ceiliúradh éagsúil agus inrochtana ar cheol tíre agus ar cheol traidisiúnta na hÉireann. Ar an chlár bhí ceolchoirmeacha a raibh ticéid de dhíth orthu, chomh maith le himeachtaí poiblí, ceardlanna, seisiúin Pop-Up Gaeltacht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta ar fud an bhaile, rud a mheall lucht éisteachta idir óg agus aosta agus a thacaigh le ceoltóirí seanbhunaithe agus iad atá ag teacht chun cinn araon.

## Letterkenny Trad Week

Letterkenny Trad Week 2025, co-presented with An Grianán Theatre, delivered a diverse and accessible celebration of Irish traditional and folk music. The programme combined ticketed concerts with free public events, workshops, Pop-Up Gaeltacht sessions, and participatory activities across the town, engaging audiences of all ages and supporting both established and emerging artists.

## Na hAmharc-ealaíona

Chuir an ICR clár uaillmhianach amharc-ealaíon i láthair in 2025, agus saothar le 95 ealaíontóir ar taispeáint. I measc na n-ealaíontóirí bhí 18 n-ealaíontóir ghairmiúla, 47 ealaíontóir ag glacadh páirt trí thaispeántais de chuid grúpaí óige, agus níos mó ná 30 duine óg trí sheónna dírithe ar an aos óg.

Chonacthas saothar ealaíontóirí ó Éirinn agus ó thar lear sna taispeántais, agus iad ag obair le dealbhóireacht, suiteáin, péintéireacht, teicstílí, grianghrafadóireacht, agus cleachtas pobalghníomhach. Tacaíodh leis na cláir trí chainteanna ealaíontóra, turais, tionscnaimh oideachais agus tionscadail chomhoibríocha pobail, rud a threisigh ról an ICR mar ionad léirithe agus táirgthe do na hamharc-ealaíona comhaimseartha.

## Visual Arts

The RCC presented a critically engaged visual arts programme in 2025, exhibiting work by 95 artists. This included 18 professional artists, 47 artists participating through community group exhibitions, and over 30 young people through youth-focused shows.

Exhibitions featured Irish and international artists working across sculpture, installation, painting, textiles, photography, and socially engaged practice. Programmes were supported by artist talks, tours, education initiatives, and collaborative community projects, reinforcing the RCC's role as both a presenting and producing centre for contemporary visual art.

## Scannánaíocht

Mheall Pictiúrlann an ICR lucht féachana mór in 2025 trí chlár rialta de scannáin idirnáisiúnta agus neamhspleácha. Reáchtáil an ICR 27 imeacht scannánaíochta, lena n-áirítear taispeáintí, cainteanna agus ceardlanna, rud a thacaigh le forbairt lucht féachana agus rannpháirtíocht scannánóirí araon.

Seachadadh na gníomhaíochtaí scannánaíochta i gcomhar le hOifig Scannán Dhún na nGall agus páirtithe eile san earnáil, agus cuireadh forbairt ghairmiúil, deiseanna líonraithe agus ardáin taispeántais ar fáil do scannánóirí ag gach céim dá ngairm.

## Film and Cinema

RCC Cinema continued to attract strong audiences in 2025 through a regular programme of international and independent film. The RCC programmed 27 film events, including screenings, talks, and workshops, supporting both audience development and filmmaker engagement.

Film activity was delivered in partnership with the Donegal Film Office and other sectoral partners, providing professional development, networking opportunities, and exhibition platforms for filmmakers at all career stages.



## Sound! Féile Scannán Soundtrack

Bhí Féile Scannán Soundtrack de chuid Sound! ina himeacht mór arís in 2025, agus rinneadh ceiliúradh ar an chaidreamh chruthaitheach idir fuaim agus íomhá.  Bhí taispeáintí le tionlacan beo ceoil, cainteanna, ceardlanna agus imeachtaí rannphháirtíochta do gach aoisghrúpa ar siúl le linn na féile, a cuireadh i láthair i gcomhar le hAmharclann an Ghrianáin. D'éirigh leis an fhéile a próifíl náisiúnta a thógáil, i ndiaidh a hainmniúcháin do Dhámhachtain um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil.

## Sound! Soundtrack Film Festival

The Sound! Soundtrack Film Festival remained a flagship event in 2025, celebrating the creative relationship between sound and image. Co-hosted with An Grianán Theatre, the festival featured live-scored screenings, talks, workshops, and participatory events for all ages. The festival continued to build its national profile, following its nomination for an Excellence in Local Government Award.

## Litríocht

Lean an iris liteartha The Pig's Back, a bunaíodh ag an ICR, lena lucht léitheoireachta a mhéadú in 2025. D'fhoilsigh an iris saothar 14 údar i mBéarla agus i nGaeilge agus seoladh í chuig léitheoirí i níos mó ná 22 tír trí dháileadh náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí léamha beo, seoltaí agus imeachtaí liteartha ar siúl chomh maith leis na foilseacháin, rud a thacaigh le scríbhneoirí agus a neartaigh rannphháirtíocht le cultúr na litríochta comhaimseartha ag an am chéanna.

## Literature

The Pig's Back literary journal, founded at the RCC, continued to expand its readership in 2025. The journal published 14 authors in English and Irish and reached readers across more than 22 countries through national and international distribution. Live readings, launches, and literary events complemented the publication, supporting writers while strengthening engagement with contemporary literary culture.

## Rannphháirtíocht Phobail agus Comhphháirtíochtaí

Bhí rannphháirtíocht an phobail lárnach i ngníomhaíochtaí ICR fós in 2025. D'oibrigh an tIonad go dlúth le scoileanna, grúpaí pobail idirchultúrtha, eagraíochtaí óige agus comhphháirtithe cultúrtha le clár leathan gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha a chur ar fáil.

Chuir an ICR go mór le féilire cultúrtha Dhún na nGall trí chomhoibrithe le féilte agus tionscaimh lena n-áirítear Féile Ealaíon an Earagail, Wainfest, Bealtaine, agus eagraíochtaí áitiúla pobail. Thacaigh na comhphháirtíochtaí seo le forbairt ealaíontóirí, fás lucht féachana, malartú cultúir, agus ceangal sóisialta, rud a threisigh ról an ICR i saol na n-ealaíon sa réigiún agus sa tír.

## Public Engagement and Partnerships

Public engagement remained integral to RCC activity in 2025. The Centre worked closely with schools, intercultural community groups, youth organisations, and cultural partners to deliver a wide-ranging programme of inclusive activity.

Through collaborations with festivals and initiatives including Earagail Arts Festival, Wainfest, Bealtaine, and local community organisations, the RCC contributed significantly to Donegal's cultural calendar. These partnerships supported artist development, audience growth, cultural exchange, and social connection, reinforcing the RCC's role within the regional and national arts ecology.

# MÚSAEM CONTAE DHÚN NA NGALL
# DONEGAL COUNTY MUSEUM

**Tríd Sheirbhís na Músaem, déanann Comhairle Contae Dhún na nGall caomhnú agus ceiliúradh ar chomhchuimhne an chontae agus a phobail, trí dhéantáin a bhaineann le stair Dhún na nGall a chaomhnú, a thaispeáint agus a léirmhíniú.**

Thug foireann an mhúsaeim cuidiú taighde agus comhairle agus treoir do dhaoine aonair agus do ghrúpaí ar fud an chontae agus níos faide amach. D'oibrigh siad go dlúth le gníomhaireachtaí agus eagraíochta amhail Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Ard-Mhúsaem na hÉireann le hoidhreacht ábhartha an chontae a chosaint.

**Through the Museum Service, Donegal County Council conserves and celebrates the collective memory of the county and its communities, by preserving, displaying and interpreting artefacts related to the history of Donegal.**

Museum staff provided research assistance and advice and guidance to individuals and groups throughout the County and further afield. They also worked closely with agencies and organisations such as the National Monuments Service and the National Museum of Ireland to safeguard the material heritage of the County.


Musaem
Siúlói
County
RUSPB

## Cúram agus Doiciméadú na mBailiúchán

Thosaigh Oifigeach Bailiúchán agus Doiciméadaithe ag obair sa Mhúsaem in 2025. Tá níos mó na 7,000 déantán liostaithe i mbailiúchán an Mhúsaeim. Tá cuid den bhailiúchán seo ar taispeáint sa Mhúsaem, agus tá earraí eile le feiceáil i dtaispeántais shealadacha i ngailearaí an bhunurláir. Tá an chuid is mó de na bailiúcháin caomhnaithe in áis stórála, áit a ndéantar monatóireacht chúramach orthu. In 2025, aistríodh bunachar sonraí na mbailiúchán go córas nua inar féidir leis an Mhúsaem grianghraif a chur leis an bhunachar sonraí. Cuireadh tús le hobair chaomhnaithe choisctheach ar earraí fosta, lena n-áirítear doiciméid a ghlanadh agus a chóiriú agus stop a chur le meirg ar earraí miotail.

## Collections Care and Documentation

In 2025 a Collections and Documentation Officer started work in the Museum. There are over 7,000 listed artefacts in the Museum collection. A portion of this collection is on display in the Museum, and other items are displayed in temporary exhibitions in the ground floor gallery. Most of the collections are preserved in a storage facility where they are carefully monitored. In 2025 the collections database moved to a new system which enables the Museum to add photographs to the database. Preventative conservation work also began on items including cleaning and repairing documents and arresting rust on metal items.

## Clár Taispeántas

D'eagraigh an Músaem clár éagsúil taispeántas sa Mhúsaem agus in ionaid eile. Sa gheimhreadh bhí an taispeántas 'Mná na nGall - Donegal Women 1922 - 1980' le feiceáil sa Mhúsaem, inar scrúdaíodh saol na mban faoi théamaí amhail Cúram Sláinte, Polaitíocht, Oideachas agus an Saol sa Bhaile. Rinneadh plé sa taispeántas ar conas a baineadh de chearta na mban i Saorstát na hÉireann agus conas a throid mná go ceann blianta fada leis na cearta seo a fháil ar ais. Tugadh léargas ar roinnt de na ceannródaithe baineanna as Dún na nGall fosta, i réimsí amhail an leigheas, an eolaíocht agus na healaíona.

Osclaíodh an taispeántas 'Working Over By: Donegal Emigrant Working Lives in Scotland 1940-1990' sa Mhúsaem i mí Iúil.  Comhoibriú a bhí i gceist leis an taispeántas i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta, an Músaem, na Cartlanna agus an Ionad Cultúrtha Réigiúnach agus Mellon Centre for Migration Studies ar an Ómaigh.   Sa taispeántas, tarraingíodh aird ar na gairmeacha agus ar na coinníollacha oibre a fuair fir agus mná as Dún na nGall in Albain san fhichiú haois. Le cur leis an taispeántas, cruthaíodh foilseachán saor in aisce a dhéanann plé ar thaithí oibre fear agus ban as Dún na nGall in Albain. Ba iad an Dr Adrian Grant agus an Dr Samuel Beckton ó Aonad Taighde na Staire in Ollscoil Uladh a rinne an taighde agus a scríobh an leabhrán.   Forbraíodh leagan camchuairte den

## Exhibition Programme

The Museum organised a varied programme of exhibitions both in the Museum and in other venues. In the Spring the Museum curated the exhibition 'Mná na nGall - Donegal Women 1922 – 1980' which examined women's lives under themes such as Healthcare, Politics, Education and Home Life. The exhibition explored how women's rights were eroded under the new Irish Free State and how women fought to regain these rights over many decades. It also shone a light on some of the female trailblazers from Donegal in areas such as medicine, science and the arts.

In July the exhibition 'Working Over By: Donegal Emigrant Working Lives in Scotland 1940-1990' opened in the Museum.  The exhibition represented a collaboration between the Heritage Office, Museum, Archives and Regional Cultural Centre and the Mellon Centre for Migration Studies in Omagh.  This exhibition highlighted the occupations and working conditions that Donegal men and women found in Scotland in the twentieth century. To complement the exhibition, a free publication was created which explores the work experiences of Donegal men and women in Scotland. The booklet was researched and written by Dr. Adrian Grant and Dr. Samuel Beckton from the History Research Unit of Ulster University.  A touring version of the exhibition was developed and opened in the Mitchell Library in Glasgow. The exhibition was part of the




taispeántas agus cuireadh ar taispeáint é i Leabharlann Mhistéil i nGlaschú. Bhí an taispeántas ina chuid de chur i bhfeidhm Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall arna maoiniú ag an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae Dhún na nGall.

Léiríodh roinnt taispeántas camchuairte sa Mhúsaem fosta, lena n-áirítear 'Symbol of Hope' i gcomhar le hIonad d'Obair Saorálaí Chontae Dhún na nGall agus Saorálaithe Úcránacha na hÉireann; 'Ranging Memories' leis na Connaught Rangers; 'A Voice of their Own, the Protestant Associations of Donegal, Cavan and Monaghan, 1920-2016' leis an Dr Samuel Beckton agus taispeántas ealaíne 'Hope - Where the Light Enters' le Donegal Rape Crisis Centre.

Glacadh taispeántais chamchuairte an Mhúsaeim go hionaid ar fud an chontae lena n-áirítear Bealach Féich/Srath an Urláir, Dún Lúiche, Bun Dobhráin agus Muileann an tSiáin.

implementation of the County Donegal Heritage Plan funded by The Heritage Council and Donegal County Council.

The Museum also hosted several touring exhibitions including 'Symbol of Hope' in conjunction with the Donegal Volunteer Centre and the Ukrainian Volunteers of Ireland; 'Ranging Memories' by the Connaught Rangers; 'A Voice of their Own, the Protestant Associations of Donegal, Cavan and Monaghan, 1920-2016' by Dr Samuel Beckton and 'Hope - Where the Light Enters' art exhibition with the Donegal Rape Crisis Centre.

The Museum also took its touring exhibitions to venues throughout the County including Ballybofey/Stranorlar, Dunlewey, Bundoran and Sion Mills.



## Clár Imeachtaí

I rith na bliana d'eagraigh an Músaem clár imeachtaí sa Mhúsaem agus in ionaid go háitiúil, go réigiúnach agus go hidirnáisiúnta agus ghlac sé páirt i gclár na n-imeachtaí sin.

Le linn Fhéile na Bealtaine, chuir na Seirbhísí Músaeim agus Cartlainne sraith de Sheisiúin Athchuimhnimh ar siúl in ionaid in Anagaire, Béal Átha Seanaidh, Málainn agus Ráth Mealtain agus eagraíodh turas speisialta an Choimeádaí den taispeántas 'Mná na nGall - Donegal Women 1922 - 1980'.

Le linn Sheachtain na hOidhreachta, bhí imeachtaí ar siúl sa Mhúsaem i bpáirt leis an taispeántas 'Working Over By', lena n-áirítear taispéantas dráma na staire beo agus comhthuras de thaispeántas Govanhill de chuid Simon Murphy ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach agus an taispeántas 'Working Over By' sa Mhúsaem.

Le haghaidh Oíche Chultúir, bhí taispeántas de Thaipéisí Romni Bahtali sa Mhúsaem i gcomhar leis an Donegal Travellers Project; bhí Sollus Highland Dancers agus an píobaire Paschal Gillen ar stáitse agus eagraíodh taispeántas de stair bheo a scríobh agus a léirigh Blue Eagle Productions, i gcomhar leis an taispeántas 'Working Over By'.

## Events Programme

Throughout the year the Museum organised and participated in a programme of events both in the Museum and in venues locally, regionally and internationally.

During the Bealtaine Festival, the Museum and Archives Services delivered a series of Reminiscence Sessions in venues in Annagry, Ballyshannon, Malin and Ramelton and organised a special Curator's tour of the exhibition 'Mná na nGall - Donegal Women 1922 – 1980'.

During Heritage Week, the Museum ran events in conjunction with the 'Working Over By' exhibition including a living history drama performance and a joint tour of Simon Murphy's Govanhill exhibition at the Regional Cultural Centre and the Working Over By exhibition in the Museum.

For Culture Night the Museum held an exhibition of the Romni Bahtali Tapestry in conjunction with the Donegal Travellers Project; hosted a performance by Sollus Highland Dancers and piper Paschal Gillen and organised a living history performance written and produced by Blue Eagle Productions, in association with the 'Working Over By' exhibition.




Mar chuid de Wainfest, reáchtáil an Músaem sraith de cheardlanna staire beo do scoileanna i gcomhar leis an taispeántas 'Working Over By'.

Le comóradh a dhéanamh ar 850 bliain ó bunaíodh Cathair Ghlaschú agus mar chuid de Lá Fhéile Bríde, bhí an tSeirbhís Mhúsaeim agus Chartlainne páirteach in imeacht i Seomraí Chathair Ghlaschú, ina ndearnadh ceiliúradh ar mhná Ghlaschú a bhfuil nasc acu le hÉirinn agus ar an mhéid a rinne siad sa chathair.

Reáchtáladh na himeachtaí seo a leanas sa Mhúsaem chomh maith: Caint leis an ealaíontóir Marie Barrett, a rinne an tionscadal Women 100; ceardlann déanta priontaí le Laura Buchanan le linn Chruinniú na nÓg; CGB agus caint Birdwatch; caint ar a aistear Gaeilge le Joe McHugh; seoladh plaice balla le Grúpa Oidhreachta Phobal Leitir Ceanainn; seoladh an fhoilseacháin 'Glasgow Corporation Transport and The Donegal Connection' le Hugh Dougherty; caint leis an Dr Paddy Fitzgerald agus leis an Dr Liam Campbell dar teideal 'Working Over By - the Broader Context' agus seoladh Fhéile Liteartha Cheathrú na hArdeaglaise. Chomh maith leis sin, thug foireann an Mhúsaeim réimse cainteanna do ghrúpaí ar fud an Iarthuaiscirt.

As part of Wainfest the Museum held a series of living history workshops for schools in association with the 'Working Over By' exhibition.

To mark Glasgow's 850th anniversary and as part of Lá Fhéile Bríde the Museum and Archives Service participated in an event in Glasgow City Chambers, which celebrated Glaswegian women with Irish connections and the contributions they have made to the city.

The Museum also hosted the following events: Women 100 project artists talk with Marie Barrett; a printmaking workshop with Laura Buchanan during Cruinniú na nÓg; Birdwatch AGM and talk; a talk on his Irish language journey by Joe McHugh; wall plaque launch with Letterkenny Community Heritage Group; the launch of the publication 'Glasgow Corporation Transport and The Donegal Connection' by Hugh Dougherty; a talk by Dr Paddy Fitzgerald and Dr Liam Campbell entitled 'Working Over By – the Broader Context' and the launch of the Cathedral Quarter Literary Festival. Museum staff also delivered a variety of talks to groups throughout the Northwest.



safe
free
calm
peace
4 Empowerment
LIGHT
&
HOPE
Growth
Family
Community
Bright
Cheerful
Light
Joy
Smile
"Summer, warm days, long evenings, laughter,
Fresh
Hope
Reachin
for the
Shine Bright Like a Sunflower
"Be like a sunflower, so that even on the darkest days you stand tall and find the sunlight"
43
Crafting Hope and Light in Donegal
Between October and November 2025, Women's Collective Ireland-Donegal worked with groups across Donegal including the early birds Pettigo women's group, the Donegal Town crafting for connection group, Rossnakill community Hub, AIB staff from Donegal Town, Killybegs, Ballyshannon and Ballybofey, members of An Garda Síochána Donegal, the ATU Donegal Empower Her Society. To raise awareness to the issue of gender based violence. Each group handcrafted clay sunflowers under the motto "Be like a sunflower, so that even on the darkest days you stand tall and find the sunlight". These unique sunflowers will feature in the Donegal-Rape Crisis Centre Art Exhibition with the theme of "Hope - Where the Light Enters. Together we rise, together we heal" The Exhibition creates a space to support survivors of abuse and build community solidarity as a part of the 16 days of activism.
Women's Collective Ireland-Donegal is a grassroots community project promoting and supporting women's empowerment, equality and human rights. We work to bring a 'gender lens' to community and local development initiatives. Providing supportive spaces for women to come together for social activities and community education opportunities. We respond to the needs of women through a range of programmes and activities and have been in operation for over 20 years (formally as Donegal Women's Network).

## Tionscadail Músaem

D'oibrigh an Músaem ar roinnt tionscadal le linn na bliana, lena n-áirítear an tionscadal idir Dún na nGall agus Albain 'Working Over By' agus ullmhúcháin don tionscadal PEACEPLUS 'Our Voices Together'.

### Gníomhaíocht Dhigiteach ar Athrú Aeráide le Timpeallachtaí Oidhreachta (DACCHE)

Lean an Músaem ar aghaidh lena chuid oibre ar thionscadal Chlár Forimill Thuaisceart an AE agus ar Thionscadal Chlár Artach DACCHE.

Is é cuspóir foriomlán an tionscadail DACCHE ná cumas pobal beag agus eagraíochtaí oidhreachta a thógáil le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide, maolú agus athléimneacht trí imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le réitigh dhigiteacha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn feabhas a chur ar rannpháirtíocht shóisialta agus athruithe iompraíochta sochaíocha a bheith mar thoradh orthu.  Tá eagraíochtaí comhpháirtíochta lonnaithe sa tSualainn, san Iorua agus in Éirinn.

In 2025 d'oibrigh an Músaem le físghrafadóir agus grianghrafadóir Paul McGuckin le físeán a dhéanamh den obair a rinne gach grúpa pobail chun an oidhreacht bainte le 3 láthair roghnaithe don tionscadal a chaomhnú. Cuirfear é seo i láthair ag an chomhdháil deiridh in Östersund, an tSualainn, i mí an Mhárta 2026.

Reáchtáladh cruinniú Páirtí don tionscadal DACCHE sa tSualainn i mí Dheireadh Fómhair.  Bhí Dún na nGall agus an obair atá déanta ag an Mhúsaem le pobail agus daoine óga le feiceáil i dtaispeántas nua in Gaaltjie South Sami Museum in Östersund.

## Museum Projects

The Museum worked on several projects throughout the year including the 'Working Over By' Donegal/Scotland project and preparations for the 'Our Voices Together', PEACEPLUS project.

### Digital Action on Climate Change with Heritage Environments (DACCHE)

The Museum continued its work on the EU Northern Periphery and Arctic Programme DACCHE project.

The overall objective of the DACCHE project is to build capacity of small communities and heritage organisations for climate change adaptation, mitigation and resilience by exploring how digital solutions and emergent technologies can improve social engagement and lead to societal behavioural changes.  Partner organisations are in Sweden, Norway and Ireland.


In 2025 the Museum worked with videographer and photographer Paul McGuckin to produce a video of the work of each community group in preserving the heritage connected to the 3 sites chosen for the project. This will be showcased at the final conference in Ostersund, Sweden in March 2026.

A DACCHE project Partner meeting was held in Sweden in October.  Donegal and the work the Museum has done with communities and young people featured in a new exhibition in Gaaltije South Sami Museum in Östersund.

# SEIRBHÍS CARTLAINNE
# ARCHIVES SERVICE

Is é sainchúram na Seirbhíse Cartlainne oidhreacht chartlainne mhuintir Chontae Dhún na nGall a chaomhnú agus a chur ar fáil do na glúnta seo agus do na glúnta atá le teacht. Déanann sé é seo trí bhailiúcháin de bhunús poiblí agus príobháideach a bhaineann le stair agus cultúr Dhún na nGall a fháil, a chatalógú, a chaomhnú, a dhigitiú agus a stóráil go slán, agus trí rochtain phoiblí ar a chartlanna a sholáthar. Oibríonn an tSeirbhís Cartlainne i gcomhpháirtíocht le go leor grúpaí agus eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha.

The Archives Service's remit is to preserve and make accessible the archival heritage of the people of County Donegal for present and future generations. It does this through the acquisition, cataloguing, conserving, digitisation and secure storage of collections of public and private origin which relate to the history and culture of Donegal, and through the provision of public access to its archives. The Archives Service works in partnership with many public and private groups and organisations.





## Na Cartlanna & Taifid a Bhainistiú

Tugadh cuidiú do thaighdeoirí ag seomra léitheoireachta na Cartlainne agus ar an ghuthán, trí ríomhphost agus trí na meáin shóisialta in 2025. I measc na dtaighdeoirí bhí staraithe teaghlaigh, ginealeolaithe agus staraithe áitiúla, mic léin dara agus tríú leibhéal, scríbhneoirí, acadóirí, grúpaí staire agus oidhreachta, léiritheoirí raidió agus teilifíse, déantóirí scannán agus iriseoirí.

Rinne an tSeirbhís bainistiú fosta ar thaifid neamhreatha Chomhairle Contae Dhún na nGall, ag tabhairt comhairle, eolais, suirbhéireacht ar thaifead agus ag déanamh moltaí maidir le caomhnú na gcartlann. Chuidigh an tSeirbhís Cartlainne leis an fhoireann le taifid údaráis áitiúil (neamhchartlainne) a choinneáil, a chur i gcartlann agus a dhiúscairt. Cuireadh tús le suirbhé agus athbhreithniú ginearálta ar thaifid neamhreatha na heagraíochta atá i dtaisce i Leifear le sraitheanna maidir le hAirgeadas agus Pobal & Fiontar, Bóithre agus Taifid Chorporáideacha.

Chuir an tSeirbhís Cartlainne fáilte roimh bhall nua foirne in 2025.

Lean an tSeirbhís Chartlainne ar aghaidh ag lorg cóiríocht bhuan do Bhailiúchán Cartlainne an Chontae agus do thaifid neamhreatha.  Tá foirgneamh na Scoile Maoinithe Prior, foirgneamh ón 19ú haois ar shuíomh sheanbheairic Leifir, curtha i leataobh le haghaidh úsáid mar Ionad Cartlainne an Chontae amach anseo. Chruthaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Ciste na Struchtúr Stairiúil (CSS) le tacaíocht a thabhairt do chaomhnú agus feabhsú fhoirgnimh stairiúla na hÉireann. In 2025, d'éirigh le hiarratas maoinithe Chomhairle Contae Dhún na nGall le hobair dheisiúcháin a dhéanamh ar fhoirgneamh Scoil Prior. Ceapadh Dedalus Architecture agus conraitheoirí tógala in 2025 agus cuireadh tús leis an obair; cuirfear i gcrích in 2026 í.

## Managing the Archives & Records

Researchers were assisted at the Archives reading room and by phone, email, and through social media in 2025. Researchers included family historians, genealogists and local historians, students at second and third level, writers, academics, history and heritage groups, radio and television producers, filmmakers and journalists.

The Service also managed Donegal County Council's non-current records, giving advice, information, surveying records and making recommendations regarding the preservation of archives. The Archives Service assisted staff with the retention, archiving and disposal of (non-archival) local authority records. An overall survey and review of the organisation's non-current records held in storage in Lifford commenced with some Finance and Community & Enterprise, Roads and Corporate records series.

The Archives Service was delighted to welcome an additional staff member in 2025.

The Archives Service continued to seek permanent accommodation for both the County Archives Collection and non-current records.  The Prior Endowed School building, a 19th century building on the site of old Lifford Barracks, is earmarked for future use as the County Archives Centre.  The Department of Housing, Local Government and Heritage's Historic Structures Fund (HSF) is designed to support the conservation and enhancement of Ireland's historic buildings. Donegal County Council's funding application in 2025 to carry out important repair work on the Prior School building was successful. Dedalus Architecture and building contractors were appointed in 2025 and the work commenced; it will be completed in 2026.



## Digitiú & Fáltas

Cuireadh miontuairiscí cruinnithe Choiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall ón 20ú haois chuig conraitheoirí seachtracha le haghaidh digitithe, a bhuí le maoiniú ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.  Cuirfear in airde ar an suíomh gréasáin iad in 2026. Tharla roinnt tionscadail digitithe ar scála níos lú in 2025, lena n-áirítear albaim grianghraf, leabhair chócaireachta agus earraí eile; agus cuireadh sciar eile miontuairiscí de chuid Chomhairlí na gCeantar Tuaithe in airde ar an tsuíomh gréasáin. Cuireadh tús le hinnéacsú iomlán bhailiúchán na gclár toghthóirí.

I measc na n-earraí a fuarthas in 2025 bhí leabhair rolla agus cláir tinrimh bunscoile ó Alltach an Doire, Dumhaigh Bhig agus Tamhnaigh an Mhullaigh, dhá chlár eaglaise ó Inis Eoghain, bailiúchán mór de chláir, drámaí, comhfhreagras, grianghraif agus earraí inbhailithe bainte le hAisteoirí Leifir, chomh maith le réimse leathan cartlann ag díriú ar stair agus ar chultúr Iarthar Dhún na nGall. Cuireadh tús le hobair nó cuireadh i gcrích í maidir le liostú na mbailiúchán ar fad. Leanadh ar aghaidh le liostú na mbailiúchán i dtaisce.

## Digitisation & Acquisition

With funding from the Government's Department of Culture, Communications and Sport, the 20th century County Donegal Committee of Agriculture Minutes of meetings were sent to external contractors for digitisation.  They will be uploaded onto the website in 2026. Several smaller scale digitisation projects took place in 2025, including photograph albums, recipe books and other items; and a further tranche of Rural District Council minutes were uploaded to the website. The full indexing of electoral registers collection commenced.

Acquisitions in 2025 included primary school rollbooks and registers from Altaghderry, Doaghbeg and Townawilly, two Inishowen church registers, a substantial collection of programmes, plays, correspondence, photographs and ephemera relating to The Lifford Players, as well as a wide variety of archives focusing on West Donegal's history and culture. Work was either finalised or commenced on the listing of all collections. The listing of collections in storage continued.

## Taispeántais, for-rochtain & poiblíocht

Rinneadh feachtais leis an tSeirbhís Cartlainne a chur chun cinn ar na meáin shóisialta le linn Sheachtain Fiosraigh Do Chartlann agus imeachtaí agus féilte eile i rith na bliana. Luadh an tSeirbhís Cartlainne ar an chlár faisnéise Among the Heather Rocks de chuid RTÉ Lyric FM le linn Sheachtain na Gaeilge, ina raibh agallamh leis an fhile agus údar Ghostgirl, Annemarie Ní Churreáin. Fuair an tSeirbhís Cartlainne go leor poiblíochta le taispeántas a albam grianghraf Knight (muintir Jane Austen) ag Músaem an Chontae le linn comóradh 250 bliain ó bhreith Jane Austen i mí na Nollag.

D'eagraigh an tSeirbhís Cartlainne nó ghlac páirt i réimse imeachtaí le linn na bliana. I mí Eanáir, bhí an cartlannaí ar dhuine de na cainteoirí ag imeacht speisialta a d'eagraigh Comhairle Cathrach Ghlaschú le Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh; labhair sí faoi Scéalta na mBan ó Chartlanna Dhún na nGall. Rinne an tSeirbhís Cartlainne taighde agus chruthaigh cartlanna do chomóradh céad bliain muintir Blaney i saol polaitiúil Chontae Dhún na nGall. Rinne an tSeirbhís comhoibriú leis an Mhúsaem agus leis an Oifig Oidhreachta ar na taispeántais Mná na nGall agus Working Over By agus d'fhreastail ar sheoladh leagan camchuairte an taispeántais i nGlaschú i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh taispeántais taistil na gCartlann chuig roinnt áiteanna.

I mí na Bealtaine, ghlac an cartlannaí páirt i bhféile Bealtaine, in éineacht leis an Mhúsaem, ag tabhairt cartlanna agus déantáin chuig ionaid lae agus grúpaí pobail eile do sheisiúin chuimhneacháin agus ag déanamh cur i láthair ar stair theaghlaigh sa Lár-Leabharlann. Le linn Sheachtain na hOidhreachta, rinne na Cartlanna comhoibriú leis an tSeirbhís Leabharlainne le taispeántas a chur i láthair ar an ábhar Léargas ar ár Léarscáileanna agus Suirbhéanna. Rinne an tSeirbhís comhoibriú leis an tSeirbhís Leabharlainne agus Iontaobhas Bhriain Uí Fhrighil fosta ar thaispeántas aon lae a rinne ceiliúradh ar stair, litríocht, cartlanna agus cultúr na nGleanntach.

I measc imeachtaí eile bhí léirithe ar théamaí éagsúla bainte le stair agus cartlanna Dhún na nGall, a cuireadh i láthair scoile i mBaile na nGallóglach, agus i láthair grúpaí staire i Muileann an tSiáin, i gCaisleán na Deirge, i Músaem an Chontae agus i Mainéar Uí Chuinneagáin. Ghlac an tSeirbhís Cartlainne páirt in eagrú chomhdháil Choimisiúin na Teorann ag an tSeanteach Cúirte, Leifear, i mí na Samhna, chuir taispeántas beag de chartlanna ábhartha i láthair ansin, agus thug an cartlannaí páipéar ag an chomhdháil.

## Exhibitions, outreach & publicity

Campaigns to promote the Archives Service took place on social media during Explore Your Archive Week and other events and festivals during the year. The Archives Service was featured on an RTE Lyric FM documentary Among the Heather Rocks during Seachtain Na Gaeilge, with an interview by poet and author of Ghostgirl, Annemarie Ní Churreáin. The Archives Service received substantial publicity with the display of its Knight (Jane Austen family) photograph album at the County Museum during the 250th anniversary celebrations of Jane Austen's birth in December.

The Archives Service organised or took part in a variety of events during the year. In January, the archivist was one of the speakers at the special event organised by Glasgow City Council to celebrate St Brigid's Day; speaking on the subject of Women' Stories from Donegal's Archives. The Archives Service carried out research and produced archives for the celebration of 100 years of the Blaney family in politics in Co. Donegal. The Service also collaborated with the Museum and Heritage Office on the exhibitions Mná na nGall and Working Over By and was in attendance at the launch of the touring version of the exhibition in Glasgow in October. Archives travelling exhibitions were sent to a variety of locations.

In May, the archivist took part in the festival of Bealtaine, along with the Museum, bringing archives and artefacts to day centres and other community groups for reminiscence sessions and giving a family history presentation at Central Library. During Heritage Week, the Archives collaborated with the Library Service in presenting a display on the subject of Exploring Our Maps and Surveys. The Service also collaborated with the Library Service and the Brian Friel Trust on a one-day exhibition celebrating Glenties' history, literature, archives and culture.

Other events included presentations on various Donegal history and archives themes, including to a school in Milford, history groups in Sion Mills, Castlederg, the County Museum and Manorcunningham. The Archives Service took part in the organisation of the Boundary Commission conference at the Old Courthouse, Lifford, in November, presented a small display of related archives there, and the archivist gave a paper at the conference.




## PEACEPLUS: Our Voices Together

In 2025, cheap na Cartlanna agus an Músaem an comhlacht Workhouse Union leis an tionscadal mór arna maoiniú ag PEACEPLUS 'Our Voices Together' a leathadh amach. Stories of Migration to and from Donegal'. Is clár é a bhaineann leis an chontae ar fad agus tá sé ina aidhm aige scéalta a roinnt agus plé a dhéanamh orthu maidir leis an imirce agus athrú i measc pobal agus eatarthu i nDún nGall. Beidh comhoibriú idir grúpaí pobail agus imirceach, daoine aonair agus scoileanna i gceist leis an tionscadal. Leanfar ar aghaidh leis an tionscadal go 2027 agus i measc na n-imeachtaí beidh ceardlanna, forbairt chartlainne, tionscadal staire béil, comhoibriú le scoileanna agus taispeántas.

## Comhoibriú le hEagraíochtaí Seachtracha

Chomhoibrigh an cartlannaí, mar aon le baill eile Ghrúpa Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil (LGARM), le cartlannaithe, leis an Chomhairle Oidhreachta, le Cartlann Náisiúnta na hÉireann, le LGMA, le TUSLA, le ranna rialtais, le Cumann na gCartlann agus na dTaifead (ARA) & le húdaráis agus le heagraíochtaí áitiúla eile ar thionscadail náisiúnta éagsúla agus saincheisteanna maidir le cartlanna, ról cartlannaithe, bainistíocht taifead, caomhnú agus rochtain ar thaifid.

## PEACEPLUS: Our Voices Together

In 2025, the Archives and Museum appointed the company Workhouse Union to roll out the major PEACEPLUS funded project 'Our Voices Together: Stories of Migration to and from Donegal'. The project is a countywide programme which aims to share and explore stories of migration and change with and amongst communities in Donegal. The project will involve collaboration between community and migrant groups, individuals and schools. The project extends to 2027 and includes workshops, the development of an archive, an oral history project, collaboration with schools and an exhibition.

## Collaboration with External organisations

The archivist, along with other Local Government Archivists & Records Managers Group (LGARM) members, collaborated with archivists, the Heritage Council, the National Archives of Ireland, the LGMA, TUSLA, government departments, the Archives & Records Association (ARA) and other local authorities and organisations on various national projects and issues regarding archives, the roles of archivists, records management, preservation and access.

# OIFIG OIDHREACHTA CHONTAE DHÚN NA NGALL

# COUNTY DONEGAL HERITAGE OFFICE

**Is é ról Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall ná feasacht a ardú, comhairle a sholáthar, sonraí a bhailiú, polasaí a fhorbairt agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir lenár n-oidhreacht chultúrtha, thógtha, seandálaíochta agus nádúrtha. Déanann sí maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta an Chontae i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachta an Chontae.**

Choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta gearrscannán dar teideal 'Donegal - A Model for Ireland's Heritage Future' ina léiríodh comhoibriú an Oifigigh Oidhreachta, an Oifigigh Bithéagsúlachta, Chartlannaí an Chontae, Choimeádaí an Mhúsaem agus an Oifigigh Caomhantais Ailtireachta mar eiseamláir náisiúnta ag an tSeimineár um Chleachtas Oidhreachta Údaráis Áitiúil sa Ghailearaí Náisiúnta, Baile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair.
www.youtube.com/watch?v=JCzM4CkjEYw

**The role of the County Donegal Heritage Office is to raise awareness, provide advice, collect data, develop policy and promote best practice in relation to our cultural, built, archaeological and natural heritage. It oversees the implementation of the County Heritage Plan in partnership with the County Heritage Forum.**

A short film commissioned by The Heritage Council entitled 'Donegal – A Model for Ireland's Heritage Future' highlighted the collaborative work of the Heritage Officer, Biodiversity Officer, County Archivist, Museum Curator and Architectural Conservation Officer in Donegal County Council as a national exemplar at the Local Authority Heritage Practice Seminar in the National Gallery, Dublin in October.
www.youtube.com/watch?v=JCzM4CkjEYw


Celtic goalkeeper Packie Bonner from Cloughglass in full flight during a Hearts versus Celtic match in 1987.
© Newsquest (Herald & Times)
Pat Crerand pictured in his Celtic F.C. strip in 1957.
THIS PORTION TO BE RETAINED BY HOLDER
SCOTTISH PREMIER LEAGUE
Rangers v Celtic
SPONSORED BY TENNENT CALEDONIAN
IBROX STADIUM, GLASGOW
SATURDAY, 9th JANUARY, 1982
KICK-OFF 3.00 p.m.
Admission £1·50
No 0924




## Working Over By

Mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, sheol an Rannán Cultúir de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall (Oifig Oidhreachta, Músaem, Cartlanna & Ionad Cultúrtha Réigiúnach) i gcomhar le Mellon Centre for Migration Studies an taispeántas 'Working Over By - Donegal Emigrant Working Lives in Scotland 1940-1990' i mí Iúil. Léirítear na gairmeacha, coinníollacha oibre agus taithí oibre a bhí ag fir agus mná as Dún na nGall in Albain idir 1940 agus 1990 sa taispeántas, leabhrán, taifeadtaí fuaime agus clár for-rochtana. Seoladh leagan taistil den taispeántas i gCartlanna Chathair Ghlaschú i mí Mheán Fómhair. Ba é Ambasadóir Dhiaspóra Dhún na nGall Packie Bonner a sheol na taispeántais agus d'óstáil an tArd-Phropast Jacqueline McLaren fáiltiú cathartha i nGlaschú. Bhí an-tóir ar an taispeántais agus cuireadh síneadh ama leo. Glacfar an taispeántas go Dundee agus go Dún Éideann in 2026. I mí Dheireadh Fómhair, seoladh leabhrán eile i Sraith Oidhreacht Dhún na nGall dar teideal Glasgow Corporation Transport & The Donegal Connection a scríobh an t-údar, staraí agus iriseoir Hugh Dougherty. I measc imeachtaí an chláir for-rochtana bhí clár staire beo, cainteanna le léaráidí, ceardlanna agus rannpháirtíocht le scoileanna.

## Working Over By

As part of the implementation of the County Donegal Heritage Plan, the Culture Division of Donegal County Council (Heritage Office, Museum, Archives & Regional Cultural Centre) in partnership with the Mellon Centre for Migration Studies launched 'Working Over By – Donegal Emigrant Working Lives in Scotland 1940-1990' exhibition in July. The exhibition, booklet, audio recordings and outreach programme highlights the occupations, working conditions and work experiences of Donegal men and women in Scotland between 1940 and 1990. A travelling version of the exhibition was launched in the Glasgow City Archives in September. Donegal Diaspora Ambassador Packie Bonner launched the exhibitions and a civic reception was hosted by the Lord Provost Jacqueline McLaren in Glasgow. The exhibitions have proved very popular and their runs have been extended. The exhibition will travel to Dundee and Edinburgh in 2026. Another booklet in the Donegal Heritage Series entitled Glasgow Corporation Transport & The Donegal Connection by Glasgow-based author, historian and journalist Hugh Dougherty was launched in October. The outreach programme included a living history programme, illustrated talks, workshops and engagement with schools.



## Ailtireacht Dhúchasach

Trí Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí Chomhairle Contae Dhún na nGall, a bhfuil gradam bainte aici, tacaíodh le 25 miontionscadal deisiúcháin tuí ar fud an chontae. Bainistíonn an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhantais an scéim tras-stiúrthóireachta, rud a thugann sainchomhairle d'úinéirí maidir le caomhnú na tuí agus tugann maoiniú faoi choinne miondeisiúcháin tuí. Cuireadh tús le Scéim Meantóireachta don Tuíodóireacht Rópa mar chuid den chomhoibriú tras-stiúrtha, le deis oiliúna a chur ar fáil do dhuine atá ag iarraidh dul i mbun tuíodóireacht ghairmiúil le dul i ngleic leis an ghanntanas tuíodóirí rópa atá ar fáil. Tionscnamh de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall é an scéim phíolótach, arna maoiniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall, clár Éire Ildánach, an tSeirbhís Náisiúnta maidir Oidhreachta Tógtha & an Chomhairle Oidhreachta, Cuireadh tacaíocht ar fáil fosta d'fhás ábhar tuíodóireachta agus do Scoil Thuíodóireachta Dhún na nGall i gCill Chluanadh, ionad nua a reáchtálann an pobal.

## Vernacular Architecture

Donegal County Council's award-winning Thatch Repair Grant Scheme supported 25 small-scale thatch repair projects across the county. The Heritage Office and the Conservation Office manage the cross-directorate scheme that provides specialist advice to owners on the conservation of thatch and allocates funding for small-scale thatch repairs. Cross-directorate cooperation also included the initiation of a Rope Thatch Mentorship Scheme to provide a training opportunity for a person who wants to pursue a career in thatching to help address the lack of rope thatchers available. The pilot scheme is an initiative of Donegal County Council with funding from Donegal County Council, the Creative Ireland programme, the National Built Heritage Service & The Heritage Council. Support was also provided for the growing of materials for thatching and for the new community-run Donegal Thatching School in Kilclooney.



## Oidhreacht Seandálaíochta

Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall ar cheann de na seacht n-údarás áitiúla ar fad sa tír a fuair maoiniú €20,000 ón Chomhairle Oidhreachta chun Seandálaí Pobail páirtaimseartha a cheapadh ar bhonn conradh ar son seirbhíse. Agus é ag obair leis an Oifig Caomhantais agus le hIarsmalann an Chontae, chuidigh an Seandálaí Pobail le feasacht a ardú, comhairle a thabhairt, agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir lenár n-oidhreacht seandálaíochta, agus go sonrach, d'oibrigh sé le grúpaí pobail agus le foireann na Comhairle ar chaomhnú na seandálaíochta atá le fáil i 50 reilig atá faoi choimirce Chomhairle Contae Dhún na nGall. Tugadh maoiniú de €207,686 do cheithre shéadchomhartha séandálaíochta i gContae Dhún na nGall faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail. Is tionscnamh é Ciste na Séadchomharthaí Pobail de chuid na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i gcomhar le húdaráis áitiúla. Cuireadh maoiniú 100% ar fáil d'oibreacha caomhnaithe ar Mhainistir Eas Aodha Ruaidh, Béal Átha Seanaidh agus ar an Dún, Port Nua; ullmhú plean bainistíochta caomhnaithe do Reilig Stairiúil Fhionnúrach, Bun Dobhráin; agus caomhnú ceithre gheata iarann buailte agus piléir ag Cill Leacht Aodha, Pointe Charraig an Rois.

## Archaeological Heritage

Donegal County Council was one of only seven local authorities countrywide to secure funding of €20,000 from The Heritage Council for the appointment of a part-time Community Archaeologist on a contract for services basis. Working with the Heritage Office and County Museum, the Community Archaeologist helped to raise awareness, provide advice and promote best practice in relation to our archaeological heritage and, in particular, worked with community groups and Council staff on the conservation of the archaeology present in the 50 historic graveyards in Donegal County Council guardianship. Four archaeological monuments in County Donegal benefitted from €207,686 in funding under the Community Monuments Fund. The Community Monuments Fund is an initiative by the National Monuments Service of the Department of Housing, Local Government & Heritage in partnership with local authorities. The 100% funding enabled conservation works to Assaroe Abbey, Ballyshannon and Doon Fort, Portnoo; preparation of a conservation management plan for Finner Historic Graveyard, Bundoran; and the conservation of four wrought-iron gates and pillars at the Old Killaghtee Churchyard, St. John's Point.



## The Laurels, Tionscnamh Bailte Stairiúla na nGleannta

D'éirigh le Comhairle Contae Dhún na nGall €300,000 a fháil ón Chomhairle Oidhreachta agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta do Thionscamh Bailte Stairiúla the Laurels. Comhpháirtíocht leanúnach é an tionscnamh idir Comhairle Contae Dhún na nGall, Iontaobhas Bhriain Uí Fhrighil, Dedalus Architecture agus an pobal áitiúil. Rinneadh oibreacha caomhnaithe agus athchóirithe ar the Laurels / Railway View (teach baile mháthair an drámadóra Brian Ó Frighil sna Gleannta) agus dhear an garraíodóir agus láithreoir teilifíse Diarmuid Gavin gairdín nua bunaithe ar an phlean bainistíochta tírdhreacha. Cruthaíodh agus osclaíodh an gairdín i ndiaidh Stoirm Amy i mí Dheireadh Fómhair. Rinne an tOifigeach Oidhreachta agus an tOifigeach Caomhantais cur i láthair mar chuid de Thionscnamh Bailte Stairiúla na nGleannta ag seimineár gréasáin Thionscnamh náisiúnta na mBailte Stairiúla a d'óstáil an Chomhairle Oidhreachta i mí Eanáir.

## The Laurels, Glenties Historic Towns Initiative

Donegal County Council was successful in securing €300,000 from The Heritage Council and the Department of Housing, Local Government & Heritage for The Laurels Historic Towns Initiative. The initiative represents a continued partnership between Donegal County Council, The Brian Friel Trust, Dedalus Architecture and the local community. Conservation and restoration works took place to The Laurels / Railway View (playwright Brian Friel's mother's home in Glenties) and a new garden designed by gardener and television presenter Diarmuid Gavin and based on the landscape management plan was created and launched in the wake of Storm Amy in October. The Heritage Officer and the Conservation Officer also presented on the Glenties Historic Towns Initiative at the national Historic Towns Initiative webinar hosted by The Heritage Council in January.




## Oideachas & Feasacht

Bhí Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta ann i mí Lúnasa agus bhí breis agus 120 imeacht ar siúl trasna na tíre. Déanann an Chomhairle Oidhreachta agus Oifigigh Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil comhordú ar Sheachtain na hOidhreachta. Chruthaigh an Oifig Oidhreachta Treoir Imeachtaí do Sheachtain na hOidhreachta i nDún na nGall, rud a foilsíodh ar na nuachtáin áitiúla agus thug siad marsantacht agus oiliúint mheán sóisialta Sheachtain na hOidhreachta do lucht eagraithe imeachtaí saor in aisce. Thacaigh siad leis an tionscnamh Doirse Oscailte na hOidhreachta fosta agus 18 suíomh stairiúil nó oidhreachta ar oscailt saor in aisce. Bhain Paula Harvey Gradam an Laoich Oidhreachta ag Gradaim na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta i mí Dheireadh Fómhair. I gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann, seoladh Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann do Bhéal Átha Seanaidh (ba í an Dr Angela Byrne an taighdeoir agus an t-údar) i mBéal Átha Seanaidh agus i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Tá sé ina aidhm ag an tsraith Atlas Bhailte Stairiúla na hÉireann tuiscint níos fearr ar fhréamhacha Eorpacha i gcoitinne trí staidéar comparáideach a éascú ar thopagrafaíocht na mbailte réamh-nua-aimseartha san Eoraip. Foilsíodh breis is 620 baile agus cathair in fiche tír Eorpach go dtí seo. Thug an Oifig Oidhreachta urraíocht ar cheardlann maidir le priontáil de láimh phóstaeir na hallaí damhsa mar chuid den fhéile Bealtaine i mí na Bealtaine agus, i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne, tugadh urraíocht ar dhá cheardlann déanta priontaí do pháistí mar chuid de Wainfest i mí Dheireadh Fómhair.

## Education & Awareness

National Heritage Week took place in August with over 120 events taking place across the county. Heritage Week is coordinated by The Heritage Council and Local Authority Heritage Officers. The Heritage Office produced a County Donegal Heritage Week Event Guide that was published in local newspapers and provided Heritage Week merchandise and social media training for event organisers free-of-charge. It also supported the Heritage Open Doors initiative with 18 historic or heritage properties open free-of-charge. At the National Heritage Week Awards in October, Paula Harvey won the Heritage Hero Award. In partnership with the Royal Irish Academy, the Irish Historic Towns Atlas for Ballyshannon (researched and authored by Dr. Angela Byrne) was launched in both Ballyshannon and Dublin in October. The Irish Historic Towns Atlas series encourages a better understanding of common European roots by facilitating comparative studies of the topography of pre-modern towns in Europe. Over 620 towns and cities in twenty European countries have been published so far. The Heritage Office sponsored a workshop on the hand printing of dance hall posters as part of the Bealtaine festival in May and, in partnership with the Library Service, sponsored two printmaking workshops for children as part of Wainfest in October.



## Tionscnaimh Fiadhúlra & Bhithéagsúlachta

I gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra agus leis an Oifig Bithéagsúlachta, thacaigh an Oifig Oidhreachta le foilsiú an leabhair The Birds of County Donegal le Ralph Sheppard agus le ceardlanna maisiúcháin fiadhúlra le Robert Vaughan mar chuid den chéad fhéile Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta ag Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i mí na Bealtaine. Chomh maith leis sin, thug an t-éiceolaí, údar agus craoltóir Éanna Ní Lamhna caint ar an fhiadhúlra mar chuid den fhéile Bealtaine agus sheol sí leabhar oibre ar bhithéagsúlacht an Earagail mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta i mí na Bealtaine. Lean Oifigí Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil agus na hOifigí Bithéagsúlachta, i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta, de bheith ag déanamh urraíocht ar Ghradam bliantúil na nÚdaráis Áitiúil do Phailneoirí mar chuid de Chomórtas na mBailte Slachtmhara le grúpaí áitiúla a spreagadh chun gníomhartha atá báúil do phailneoirí a chur i bhfeidhm ina gcuid bailte agus sráidbhailte. Rinne an tOifigeach Oidhreachta agus an tOifigeach Bithéagsúlachta comhobair ar roinnt tionscnamh a bhaineann leis an fhiadhúlra agus leis an bhithéagsúlacht, mar shampla, urraíocht ar cheardlanna agus dáileadh foilseachán. Tá an tOifigeach Oidhreachta ina bhall de Mheitheal Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Dhún na nGall, a bunaíodh faoi choimirce Fhóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.

## Wildlife & Biodiversity Initiatives

In partnership with the National Parks & Wildlife Service and the Biodiversity Office, the Heritage Office supported the publication of The Birds of County Donegal book by Ralph Sheppard and wildlife illustration workshops by Robert Vaughan as part of the inaugural National Biodiversity Week festival at Glenveagh National Park in May. Ecologist, author and broadcaster Éanna Ní Lamhna also delivered a wildlife talk as part of the Bealtaine festival and launched a workbook on Errigal's biodiversity as part of National Biodiversity Week in May. Local Authority Heritage Offices and Biodiversity Offices in partnership with the National Biodiversity Data Centre continued to sponsor the annual Local Authority Pollinator Award as part of the Tidy Towns Competition to encourage local groups to implement pollinator-friendly actions in their towns and villages. The Heritage Officer and Biodiversity Officer collaborated on a number of initiatives in relation to wildlife and biodiversity such as sponsoring workshops and distributing publications. The Heritage Officer is a member of the Donegal Biodiversity Action Plan Working Group established under the auspices of the County Donegal Heritage Forum.

# AN OIFIG BITHÉAGSÚLACHTA
# BIODIVERSITY OFFICE



Is é ról Oifig Bithéagsúlachta Chontae Dhún na nGall beartas agus comhairle a fhorbairt maidir le dea-chleachtas, an pobal a chur ar an eolas, sonraí a bhailiú agus tionscadail a dhéanamh a bhaineann leis an bhithéagsúlacht. Déanann sí maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall ar bhainistiú Mheitheal Bhithéagsúlachta Dhún na nGall. Is clár comhpháirtíochta é Clár na nOifigeach Bithéagsúlachta idir an Chomhairle Oidhreachta agus na húdaráis áitiúla.

The role of the County Donegal Biodiversity Office is to develop policy and advice on best practice, raise awareness, collect data and deliver projects in relation to biodiversity. It oversees the development and implementation of the County Donegal Biodiversity Action Plan and management of the Donegal Biodiversity Working Group. The Biodiversity Officer Programme is a partnership programme between The Heritage Council and local authorities.





## Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall

Le linn 2025, chuir an Oifig Bithéagsúlachta dréachtú an chéad Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall chun cinn, i gcomhar leis an Chomhairle Oidhreachta, Meitheal Bhithéagsúlachta Dhún na nGall, Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, réimse leathan páirtithe leasmhara agus le cuid mhór comhairliúchán poiblí. Meastar go gcuirfear an dréacht seo de Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall faoi chomhairliúchán poiblí le faomhadh Bhaill na Comhairle go luath in 2026. Beidh Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Dhún na nGall ina threoirdhoiciméad do Chomhairle Contae Dhún na nGall go ceann cúig bliana, dírithe ar chosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta.

## County Donegal Biodiversity Action Plan

During 2025, the Biodiversity Office progressed the drafting of the 1st County Donegal Biodiversity Action Plan, in collaboration with The Heritage Council, the Donegal Biodiversity Working Group, the County Donegal Heritage Forum, a wide range of stakeholders and with extensive public consultation. It is anticipated, with Council Members approval in early 2026, this draft County Donegal Biodiversity Action Plan will be subject to Public Consultation. The County Donegal Biodiversity Action Plan will be a guiding document for Donegal County Council over the next five years, focused on protecting and restoring biodiversity.

## Oideachas & Feasacht

Is ról tábhachtach de chuid na hOifige Bithéagsúlachta réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí for-rochtana a chomhordú agus a reáchtáil chun an fheasacht ar an bhithéagsúlacht agus an gníomhú ina leith a ardú trí Sheachtain na Bithéagsúlachta, Seachtain na hOidhreachta, Seachtain na bhFálta Sceach, Seachtain Náisiúnta na gCrann, Wainfest, Bealtaine agus laethanta náisiúnta eile. In 2025, phleanáil, reáchtáil nó mhaoinigh an Oifig Bithéagsúlachta 23 imeacht, ina raibh tuairim is 660 duine páirteach go díreach. I measc na n-imeachtaí bhí Explore Your Shore ag a lán suíomhanna cois cósta, ceardlanna Aithint na mBumbóg, Siúlóidí Dúlra, Siúlóidí Crann agus a lán eile.

Thacaigh an Oifig Bithéagsúlachta, trí Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil de chuid Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, le chéadFhéile na Seachtaine Bithéagsúlachta ag Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, trí chostais reatha agus táillí treoraithe a chur ar fáil. D'fhreastail breis is 2,000 duine ar na gníomhaíochtaí fiáine, cruthaitheacha, iontacha a bhí ar fáil le linn mhí na Bealtaine 2025.

Chruinnigh níos mó ná 200 duine ag Anaclann Éanlaithe Fiáine na hInse Dé Sathairn 7 Meitheamh 2025 don Wild Day Out ar an Inis, ceiliúradh trasteorann ar an bhithéagsúlacht agus ar an tsamhlaíocht mar chuid de Chruinniú na nÓg. Ba í Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall a stiúir an t-imeacht mar chuid de chlár an Oileáin Chomhroinnte do Chruinniú na nÓg i gcomhar le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin. Eagraíodh an t-imeacht tríd an tionscadal Biodiversity without Borders agus thug Éire Ildánach tacaíocht dó.

## Education & Awareness

A key role of the Biodiversity Office is to coordinate and deliver a range of outreach events and activities to raise awareness and action for Biodiversity via Biodiversity Week, Heritage Week, Hedgerow Week, National Tree Week, Wainfest, Bealtaine and other national days. In 2025, 23 events were planned, delivered, or funded by the Biodiversity Office, engaging with approximately 660 people directly. These ranged from Explore Your Shore at many coastal sites, to Bumblebee Identification workshops, Nature Walks, Tree Walks and much more.

The Biodiversity Office, through the National Parks and Wildlife Service Local Biodiversity Action Fund, also supported the inaugural Biodiversity Week Festival at Glenveagh National Park, through provision of running costs and guide fees. Over 2,000 people attended many of the wonderful, wild and creative activities on offer during May 2025.

On Saturday 7th June 2025, Inch Wildfowl Reserve came alive with the sounds of laughter, discovery, and creativity as over 200 people gathered for the Wild Day Out at Inch, a cross-border celebration of biodiversity and imagination as part of Cruinniú na nÓg. Organised through the Biodiversity without Borders project and supported by Creative Ireland, the event was led by Donegal County Council Biodiversity Office as part of a Shared Island programme for Cruinniú na nÓg in partnership with Derry City and Strabane District Council.

## Tionscadail Bhithéagsúlachta

# SPNF - CISTE GNÍOMHAÍOCHTA UM BITHÉAGSÚLACHT ÁITIÚIL (CGBÁ)

Fuair agus sheachaid Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall maoiniú €85,142.77 ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra faoin Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil, le maoiniú meaitseála €15,025.20 arna bhronnadh ag Comhairle Contae Dhún na nGall, le haghaidh 7 dtionscadal bithéagsúlachta:

### 1. Sconsaí Díbeartha Creachadóirí a Chothabháil

Ba í príomhaidhm an tionscadail seo na sconsaí creachadóra a chothabháil lena chinntiú go raibh siad ag feidhmiú go héifeachtach le linn an tséasúir goir agus chun leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar líon na lapairí pórúcháin chun treochtaí leanúnacha a oibriú amach.

### 2. Suirbhé Allamuigh ar Bhogaigh Dhún na nGall 2025

Rinne Suirbhé Allamuigh ar Bhogaigh Dhún na nGall 2025 suirbhé allamuigh ar rogha de shuíomhanna bogaigh a aithníodh roimhe seo le linn thionscadal Suirbhé Bogaigh Chontae Dhún na nGall 2022 nach raibh mórán eolais éiceolaíochta ar fáil ina leith.

### 3. Bithéagsúlacht Dhún na nGall a chur ar an Léarscáil

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall clár i gcrích a chuimsigh gníomhaíochtaí san eolaíocht saoránach, suirbhéanna pailneoirí, taispeántais ghníomhaíochta praiticiúla agus ardú feasachta faoin bhithéagsúlacht chun cuidiú le níos mó taifead bitheolaíochta ó Dhún na nGall agus gníomhaíocht phraiticiúil chun tacú leis an bhithéagsúlacht a chur ar an léarscáil. Gníomh amháin a rinneadh ná 500 bleibín cróch atá fóirsteanach do phailneoirí a chur ag Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn le foireann Chomhairle Contae Dhún na nGall le linn Sheachtain Ghníomhaithe ar son na hAeráide. Thug an t-imeacht seo deis don Oifigeach Bithéagsúlachta labhairt le comhghleacaithe faoi thábhacht gníomhú ar son na Bithéagsúlachta ar ár n-eastát Comhairlebhainistithe féin.

## Biodiversity Projects

# NPWS - LOCAL BIODIVERSITY ACTION FUND (LBAF)

Donegal County Council's Biodiversity Office secured and delivered €85,142.77 in funding from the National Parks and Wildlife Service under the Local Biodiversity Action Fund, with match funding of €15,025.20 awarded from Donegal County Council, for seven biodiversity projects:

### 1. Maintenance of Predator Exclusion Fences

The main aim of this project was to maintain the predator fences to ensure they were operating effectively during the breeding season and to continue to monitor the breeding wader populations to determine ongoing trends.

### 2. Donegal Wetlands Field Survey 2025

Donegal Wetlands Field Survey 2025 undertook a field survey of a selection of wetland sites previously identified during the 2022 County Donegal Wetland Survey project for which little or no ecological information was available.

### 3. Putting Donegal Biodiversity on the Map

Donegal County Council delivered a programme of citizen science activities, pollinator surveys, practical action demonstrations and biodiversity awareness raising to help put more Donegal biological records and practical action to support biodiversity, on the map. One such action was to plant 500 pollinator friendly crocus bulbs at the Letterkenny Public Services Centre with Donegal County Council staff during Climate Action Week. This gave the Biodiversity Officer the chance to chat to colleagues about the importance of taking action for Biodiversity on our own Council managed estate.

## 4. Iniúchadh Speiceas Dhún na nGall a nuashonrú

Tiomsaítear sa tuarascáil speiceas seo liosta cuimsitheach de na speicis fána atá le fáil i gContae Dhún na nGall. Braitheann sintéis an liosta seo go mór ar an méid a chuireann na taifeadóirí aonair iomadúla a chuireann a dtaifid phearsanta agus a mbarúlacha féin chuig bunachair shonraí éagsúla.

## 4. Updating the Donegal Species Audit

This species report compiles a comprehensive list of the species of fauna found in County Donegal. The synthesis of this list relies greatly on the contribution of the many individual recorders that submit their own personal records and observations to various databases.

## 5. Cuil Bhealtaine na hÉireann a thaifeadadh – stádas caomhantais a bhunú

Tionscnaíodh an togra comhpháirtíochta seo le UCD agus le go leor údaráis áitiúla chun dul i ngleic leis an easpa taifead a rinneadh ar an chuil Bhealtaine le déanaí chun an liosta dearg leantach a bhí le déanamh ó 2022 a chríochnú. Rinneadh suirbhéanna tiomnaithe, ar fud na tíre, le linn 2025 agus díríodh ar gach cineál gnáthóige fionnuisce.

## 5. Recording Irish mayfly – establishing conservation status

This partnership project with UCD and multiple local authorities was initiated to address the lack of recent mayfly records to complete the follow up red listing that was due since 2022. Dedicated surveys across the country were conducted throughout 2025 and all freshwater habitat types were targeted.

## 6. Tacaíocht do thaifeadadh agus srianadh SCI i nDún na nGall

Bhí sé ina aidhm ag an tionscadal feabhas a chur ar aithint, eolas agus srianadh Speiceas Coimhthíoch Ionrach, le go mbeadh ní ba mhó eolais agus gníomhaíocht phraiticiúil i gcoinne SCI talaimh.

## 6. Supporting IAS recording and control in Donegal

The project aimed to improve identification, education, and control of Invasive Alien Species (IAS) in Co. Donegal, leading to greater awareness and practical action against terrestrial IAS.

## 7. Forbairt Scéim Monatóireachta ar Ialtóga Coille (i gcomhar le Caomhnú Ialtóg Éireann)

Thacaigh an tionscadal seo le bunú Scéim Monatóireachta ar Ialtóga Coille ar fud na hÉireann trí chostais a íoc as trealamh agus suirbhéanna in dhá choill i nDún na nGall. Anois agus na suíomhanna seo ar bun, déanfar suirbhé orthu gach bliain agus tabharfar isteach iad i Scéim nua Monatóireachta ar Ialtóga Coille na hÉireann a bhainisteoidh Caomhnú Ialtóg Éireann.

## 7. Development of the Woodland Bat Monitoring Scheme (in collaboration with Bat Conservation Ireland)

This project supported the establishing of a new All Ireland Woodland Bat Monitoring scheme by covering the costs of equipment and surveys in two Donegal woodlands. Now that they are established these sites will be surveyed annually and will be incorporated into a new All-Ireland Woodland Bats Monitoring Scheme managed by Bat Conservation Ireland.

## AN CHOMHAIRLE OIDHREACHTA

Fuair agus sheachaid Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall maoiniú €20,000 ón gComhairle Oidhreachta faoin Chlár Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil, le maoiniú meaitseála €6,667 arna bhronnadh ag Comhairle Contae Dhún na nGall, le haghaidh roinnt tionscadal bithéagsúlachta.

Úsáideadh an maoiniú seo leis an chlár Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil a chur chuig céim an dréachta, le hábhair bholscaireachta a mhaoiniú a chuirfidh daoine ar an eolas faoi bhithéagsúlacht Dhún na nGall i mbealach spraíúil agus cruthaitheach, agus le himeachtaí agus ceardlanna iomadúla for-rochtana bithéagsúlachta a reáchtáil ar fud Chontae Dhún na nGall in 2025. Úsáideadh maoiniú ón Chomhairle Oidhreachta fosta le gearrfhíseáin úra nuálacha a chruthú faoin bhithéagsúlacht lena n-áirítear Pollinators agus Explore Your Shore, atá le feiceáil ar https://www.donegalculture.ie/ga/seirbhisi/bitheagsulacht/.

## THE HERITAGE COUNCIL

Donegal County Council Biodiversity Office secured and delivered €20,000 in funding from The Heritage Council under the Local Biodiversity Action Plan programme, with match funding of €6,667 awarded from Donegal County Council, for several biodiversity projects.

This funding was used to help progress the Biodiversity Action Plan to draft stage, to fund promotional materials that educate people on the biodiversity of Donegal in a fun and creative way, and to run the numerous biodiversity outreach events and workshops that happened throughout County Donegal in 2025. Funding from The Heritage Council was also used to create new and innovative short films about biodiversity including Pollinators and Explore Your Shore, available to view at https://www.donegalculture.ie/en/services/biodiversity/.

## SPÓRT ÉIREANN & COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT DHÚN NA NGALL

Thacaigh oifigeach bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall le cur isteach ar mhaoiniú do thionscadail bhithéagsúlachta a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall. Bronnadh €78,750 ar Dhún na nGall do Chaipiteal Spóirt agus €26,250 do Bhithéagsúlacht, leithdháileadh iomlán de €105,000.  Tharla ceann de na tionscadail rathúla i bhfearann Ionad Thionscnamh Comhpháirtíochta Chaisleán an Finne, áit ar chuidigh an maoiniú le hionad aclaíochta faoin aer nua a chruthú, in éineacht le mionchoill, mionúllord agus limistéar do bhláthanna fiáine, agus cláir eolais dúlra nua leo uilig. Chuidigh Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire le roinnt crann agus bleibíní a bhíonn faoi bhláth san earrach a chur san fhómhar, a dearadh le fiadhúlra agus pailneoirí dúchasacha a mhealladh.

## SPORTS IRELAND & DONEGAL SPORTS PARTNERSHIP

Donegal County Council's Biodiversity Officer supported Donegal's Sports Partnership to apply for and secure funding to deliver biodiversity projects in County Donegal. Donegal were awarded €78,750 for Sports Capital and €26,250 for Biodiversity, with a total allocation of €105,000.  One of the successful projects was in the grounds of the Castlefinn Partnership Initiative Centre, where the funding helped to create a new outdoor gym complemented with a mini-woodland, a mini-orchard and a wildflower area, all supplemented with new nature information boards. St. Mary's National School helped plant several trees and spring flowering bulbs in the autumn, all designed to help and attract native wildlife and pollinators.




## Tacaíocht do Ghrúpaí Pobail

Cuireann an Oifig Bithéagsúlachta tacaíocht ar fáil do ghrúpaí pobail chun cuidiú lena ngníomhartha bithéagsúlachta féin a bhaint amach. I rith 2025, chuimsigh sé seo cuairteanna suímh ar neart Grúpaí pobail agus Bailte Slachtmhara, tacaíocht glaonna gutháin, comharthaíocht agus tacaíocht duine le duine chun a spásanna áitiúla a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe leis an bhithéagsúlacht trí chúnamh le hiarratais mhaoinithe agus comhairle phraiticiúil.

## Community Group Support

The Biodiversity Office offers support to community groups to help achieve their own biodiversity actions. During 2025 this included site visits to numerous community and Tidy Towns Groups, phone call support, signposting and one-to-one support on protecting and improving their local spaces for biodiversity through funding application help and practical advice.

## Tacaíocht Beartas agus Straitéiseach

Laistigh de shainchúram na hOifige Bithéagsúlachta tá tacaíocht á tabhairt do Chomhairle Contae Dhún na nGall lena gcuid riachtanas a chomhlíonadh maidir le Dualgas Bithéagsúlachta (An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2023) trí oiliúint roinne na Comhairle, tacaíocht le tionscadail caipitil/athnuachana na Comhairle de réir mar is gá agus comhordú thuarascálacha bliantúla na Comhairle ar chur i bhfeidhm an Dualgais Bithéagsúlachta de réir an Achta.

## Policy and Strategic Support

The remit of the Biodiversity Office includes supporting Donegal County Council to deliver on their requirements within the Biodiversity Duty (The Wildlife (Amendment) Act 2023) via Council departmental training, Council capital/regeneration project support as required and coordination of Council annual reports on the implementation of the Biodiversity Duty as required by the Act.

# FOTHEIDIL GRIANGHRAF

**Leathanach 9**
Páistí ag baint sult as imeacht speisialta "Creative Chaos" le linn Chruinniú na nÓg a d'óstáil an Bluestack Special Needs Foundation.
***Grianghraf: Siobhan McGowan***

**Leathanach 11**
Lá spraoi teaghlaigh ag Caisleán Dhún na nGall le linn Chruinniú na nÓg i gcomhar le Comhlachas Pobail Dhún na nGall, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún na nGall agus Músaem Iarnróid Dhún na nGall.
***Grianghraf: Siobhan McGowan***

**Leathanach 13**
Scríbhneoirí agus eagraithe ag ceiliúradh sheoladh Frances Browne Storytellers: Seeing Beyond Sight ag Leabharlann na mBaile Nasctha, Srath an Urláir. Sa phictiúr C-D): Maura Meaney, Sinéad Noonan, Petrina Finn, Margaret Kelly, Geraldine Conway, Isla McGuckin agus Dáithí Ramsay
***Grianghraf: Anne McMenamin***

**Leathanach 15**
Roghnú na dtaibheoirí ag Vital Voices: Ceabairé Idirchultúrtha 2025
***Grianghraf: North West Newspix***

**Leathanach 17**
Ceardlann leis an Dr Angela Byrne ag Leabharlann Bhéal Átha Seanaidh le linn Wainfest
***Grianghraf: Le caoinchead na Rannóige Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 18**
Patrick Duffy ag caint ag an chomhdháil 'Borders and Boundaries', Seanteach Cúirte Leifir.
***Grianghraf: Le caoinchead na Rannóige Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 19**
Comhdháil 'Borders and Boundaries', Seanteach Cúirte Leifir, C-D an Dr Niamh Brennan, Cartlanna an Chontae, an Dr Kieran Rankin, Coláiste na Tríonóide, agus Joe Harrison, Cumann Staire agus Seanchais Chontae Dhún na nGall.
***Grianghraf: Le caoinchead na Rannóige Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 20**
An lucht éisteachta ag baint sult as léamh den dráma 'The Evicted' sa Mhúsaem
***Grianghraf: Le caoinchead na Rannóige Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 21**
Ceardlann le John D Ruddy ag Leabharlann Charn Domhnach le linn Wainfest
***Grianghraf: Le caoinchead na Rannóige Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 23**
Spraoi na foghlama le linn an chláir Wainfest Cell EXPLORERS le OTA Dhún na nGall.
***Grianghraf: Paul McGuckin***

**Leathanach 24**
Daoine óga i láthair ag ceardlann ar Bheochan Manga le Matthew O'Kane mar chuid de Chlár Réaltaí an tSamhraidh.
***Grianghraf: Foireann na Leabharlainne***

**Leathanach 25**
Seoladh grúpa nua acmhainní liteartha le cuidiú le daoine fásta feabhas a chur ar a gcuid scileanna Béarla. Sa phictiúr tá Donna Cavanagh, Sinéad McLaughlin, Joe Kelly (Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall), an Comhairleoir Jack Murray, Adele McElhinney (ETB) agus Emer Tynan (Cruthaitheoir Acmhainní).
***Grianghraf: Brendan Diver***

**Leathanach 27**
Ag ceiliúradh Sheoladh Wainfest 2025 ag Caisleán Ghleann Bheatha.
***Grianghraf: Foireann na Leabharlainne***

**Leathanach 29**
Seoladh Abhainn Burn River i Leabharlann Leifir. Ba é Éire Ildánach a mhaoinigh an leabhar agus forbraíodh é i gceardlanna scríbhneoireachta le páistí ó Scoil Náisiúnta Castletown, Scoil Náisiúnta Leifir, Gaelscoil Uí Dhochartaigh agus Strabane Primary School.
***Grianghraf: Paul McGuckin***

**Leathanach 30**
Rannpháirtithe óga ag baint sult as an chlár Cell EXPLORERS de chuid OTA Dhún na nGall, a dearadh le coincheap na gceall a roinnt le páistí, le linn Wainfest.
***Grianghraf: Paul McGuckin***

**Leathanach 33**
Buaicphointe i gclár Oíche Chultúir a bhí sa taispeántas Púca de chuid Charnabhal Inis Eoghain ag Páirc Baile Bernard McGlinchey, Leitir Ceanainn i mí Mheán Fómhair.
***Grianghraf: Declan Doherty***

**Leathanach 35**
An damhsóir Apoorva Deshpande (sa phictiúr) ó Ionad Pobail Indiach Leitir Ceanainn, ar stáitse mar chuid den chlár Cultúr an Domhain ag Páirc Baile Bernard McGlinchey, Leitir Ceanainn, Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair
***Grianghraf: Declan Doherty***

**Leathanach 37**
Sa phictiúr, glactha le linn chríoch Cheolchoirm an Chathaoirligh ar mhaithe le Seirbhísí Foréigin Teaghlaigh Dhún na nGall, tá: (ar chúl) The Danu Young Womens Choir, (chun tosaigh), c/d Paul Jarvis (méarchlár), The Friel Sisters le Marty Barry, Moya Brennan, Larabel, Mairéad Ní Mhaonaigh, Nia Ní Bheirne agus Eoin Ferry
***Grianghraf: Daragh McDonough***

**Leathanach 39**
Lisdoon Nirvana, dráma nua scríofa agus curtha i láthair ag an aisteoir ó Shrath an Urláir Frankie McCafferty (sa phictiúr), a léirigh Amharclann an Ghrianáin i mí Feabra agus a tugadh ar camchuairt mhór i mí an Mhárta.
***Grianghraf: Paul McGuckian***

**Leathanach 41**
NoFit State Circus as Cardiff, a chuir an taispeántas BAMBOO i láthair ag Castle Grove Country House, Leitir Ceanainn, mar chuid d'Fhéile Ealaíon an Earagail i mí Iúil.
***Grianghraf: Donna El Assaad***

**Leathanach 43**
Parallel Lands - taispeántas comhoibrithe idir Talamh an Éisc agus Dún na nGall.
***Grianghraf: Ionad Cultúrtha Réigiúnach***

# PHOTO CAPTIONS

**Page 9**
Children enjoying a memorable "Creative Chaos" event during Cruinniú na nÓg hosted by The Bluestack Special Needs Foundation
***Photograph: Siobhan McGowan***

**Page 11**
A vibrant Donegal Castle during Cruinniú na nÓg hosting a fabulous family fun day in association with The Donegal Community Chamber, Donegal Family Resource Centre, and the Donegal Railway Museum
***Photograph: Siobhan McGowan***

**Page 13**
Writers and organisers celebrate the launch of Frances Browne Storytellers: Seeing Beyond Sight at Twin Towns Library, Stranorlar. Pictured L-R): Maura Meaney, Sinead Noonan, Petrina Finn, Margaret Kelly, Geraldine Conway, Isla McGuckin and Daithí Ramsay
***Photograph: Anne McMenamin***

**Page 15**
Selection of performers at Vital Voices: Intercultural Cabaret 2025
***Photograph: North West Newspix***

**Page 17**
Workshop with Angela Byrne in Ballyshannon Library during Wainfest
***Photograph: Courtesy of the Culture Division, Donegal County Council***

**Page 18**
Patrick Duffy speaking at the Borders and Boundaries conference, Lifford Old Courthouse.
***Photograph: Courtesy of the Culture Division, Donegal County Council***

**Page 19**
Borders and Boundaries conference, Lifford Old Courthouse, L-R Dr Niamh Brennan, County Archives, Dr Kieran Rankin, TCD and Joe Harrison, Donegal Historical Society.
***Photograph: Courtesy of the Culture Division, Donegal County Council***

**Page 20**
The audience enjoying a reading of the drama 'The Evicted' in the Museum
***Photograph: Courtesy of the Culture Division, Donegal County Council***

**Page 21**
Workshop with John D Ruddy in Carndonagh Library during Wainfest
***Photograph: Courtesy of the Culture Division, Donegal County Council***

**Page 23**
The fun side of learning during the Wainfest Cell EXPLORERS program with ATU Donegal.
***Photograph: Paul McGuckin***

**Page 24**
Young people amid a Manga Animation workshop with Matthew O'Kane as part of the Summer Stars Programme.
***Photograph: Library Staff***

**Page 25**
Launching a suite of new literacy resources which aim to help adults improve their English language skills. Pictured are Donna Cavanagh, Sinéad McLaughlin, Joe Kelly, (Donegal County Library Service) Councillor Jack Murray, Adele McElhinney (ETB) and Emer Tynan (Resource Creator).
***Photograph: Brendan Diver***

**Page 27**
Making some noise at the Launch of Wainfest 2025 at Glenveagh Castle.
***Photograph: Library Staff***

**Page 29**
Launch of Abhainn Burn River in Lifford Library. The book was funded by Creative Ireland and developed in writing workshops by children from Castletown NS, Lifford NS, Gaelscoil Uí Dhochartaigh and Strabane PS.
***Photograph: Paul McGuckin***

**Page 30**
Young participants enjoying the ATU Donegal Cell EXPLORERS program, designed to introduce children to the concept of cells during Wainfest.
***Photograph: Paul McGuckin***

**Page 33**
Inishowen Carnival's Púca spectacle was a highlight of the Culture Night programme at Bernard McGlinchey Town Park, Letterkenny in September
***Photograph: Declan Doherty***

**Page 35**
Dancer Apoorva Deshpande (pictured) of the Indian Community Centre Letterkenny, performs as part of the World Culture programme at Bernard McGlinchey Town Park, Letterkenny, on Culture Night in September
***Photograph: Declan Doherty***

**Page 37**
Pictured during the Finalé of An Cathaoirleach's Concert in aid of Donegal Domestic Violence Services are, back row, The Danu Young Womens Choir, front row, l/r Paul Jarvis (keyboards), The Friel Sisters with Marty Barry, Moya Brennan, Larabel, Mairéad Ní Mhaonaigh, Nia Ní Bheirne and Eoin Ferry
***Photograph: Daragh McDonough***

**Page 39**
Lisdoon Nirvana, a new play written and performed by Stranorlar actor Frankie McCafferty (pictured), was produced by An Grianán Theatre in February and toured widely in March
***Photograph: Paul McGuckian***

**Page 41**
Cardiff-based NoFit State Circus presented their BAMBOO spectacle at Castle Grove Country House, Letterkenny, as part of Earagail Arts Festival in July
***Photograph: Donna El Assaad***

**Page 43**
Parallel Lands - an exhibition of collaboration between Newfoundland and Donegal
***Photograph: Regional Cultural Centre***

# FOTHEIDIL GRIANGHRAF

**Leathanach 44**
Ceolchoirm Sheachtain Thraidisiúnta 2025 ag cur béime ar cheol ó Oirthear Dhún na nGall
***Grianghraf: Ionad Cultúrtha Réigiúnach***

**Leathanach 45**
Cuairteoirí óga ag déanamh saothair ealaíne mar fhreagairt ar thaispeántas
***Grianghraf: Daniel Nelis***

**Leathanach 46**
Sruth, taispeántas le Sinéad Ní Mhaonaigh
***Grianghraf: Charlie Joe Doherty***

**Leathanach 49**
Píobaire Paschal Gillen, Músaem Contae Dhún na nGall, Oíche Chultúir
***Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 51**
An Dr Samuel Beckton ag seoladh a thaispeántais, 'A Voice of their Own, the Protestant Associations of Donegal, Cavan and Monaghan, 1920-2016'
***Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 52**
Seoladh Taipéis Romni Bahtali i gcomhar le Tionscadal an Lucht Siúil i nDún na nGall, Oíche Chultúir
***Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 53**
Rinceoirí Garbhchríocha Sollus, Músaem Contae Dhún na nGall, Oíche Chultúir
***Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 54**
'Hope - Where the Light Enters', taispeántas ealaíne i gcomhar le hIonad Géarchéime Éignithe Dhún na nGall
***Grianghraf: Músaem Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 57**
Annemarie Ní Churreáin ag caint le Claire Cunningham do chlár faisnéise Lyric FM Among the Heather Rocks ag Cartlanna Chontae Dhún na nGall; craoladh an clár faisnéise ar an 9 Márta 2025 agus tá sé ar fáil mar phodchraoladh
***Grianghraf: Seirbhís Cartlainne***

**Leathanach 59**
Íomhá scanta ón albam grianghraf ó Champa Fhionnabhair le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda, a ndearnadh digitiú air in 2025
***Grianghraf: Seirbhís Cartlainne***

**Leathanach 61**
An Dr Irene O'Brien, Cartlannaí Chathair Ghlaschú, an Dr Jacqueline McLaren, Ard-Phropast, Comhairle Cathrach Ghlaschú, Niamh Brennan agus Caroline Carr ag an imeacht speisialta i Seomraí Chathair Ghlaschú le ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde, 31 Eanáir 2025
***Grianghraf: Caroline Carr***

**Leathanach 63**
Ambasadóir Dhiaspóra Dhún na nGall Packie Bonner ag seoladh an taispeántais 'Working Over By' i Músaem an Chontae, an Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Dé hAoine, 11 Iúil
***Grianghraf: Declan Doherty***

**Leathanach 64**
Sa phictiúr ó sheoladh an taispeántais 'Working Over By' i mí Iúil tá (chun tosaigh ó chlé go deas): Patsy Lafferty, Packie Bonner, an Comhairleoir Paul Canning & an Comhairleoir Donal Coyle agus (ar chúl ó chlé go deas) Máire Ní Fhearraigh, an Dr Niamh Brennan, Caroline Carr, an Dr Patrick Fitzgerald, Judith McCarthy, an Dr Liam Campbell, an Dr Joseph Gallagher, Eoin Leonard & an Comhairleoir Jimmy Kavanagh
***Grianghraf: Declan Doherty***

**Leathanach 65**
Máistirthuíodóir rópa Brian Lafferty (ar chlé) in éineacht le David McFerran (ar dheis), an chéad fhaighteoir den Scéim phíolótach Meantóireachta don Tuíodóireacht Rópa a thug an Oifig Caomhnaithe agus an Oifig Oidhreachta de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall isteach.
***Grianghraf: Joseph Gallagher***

**Leathanach 66**
Sa phictiúr ag seoladh an taispeántais taistil 'Working Over By: Donegal Emigrant Working Lives in Scotland 1940-1990' i gCartlanna Chathair Ghlaschú Dé Máirt, 23 September tá (ó chlé go deas): Patsy Lafferty (Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Contae Dhún na nGall), Paul Canning (Cathaoirleach, Comhairle Contae Dhún na nGall), Jerry O'Donovan (Ardchonsul na hÉireann), Jacqueline McLaren (Ard-Phropast Ghlaschú), Packie Bonner (Ambasadóir Dhiaspóra Dhún na nGall agus iarchúl báire Phoblacht na hÉireann agus Celtic), Frances McMenamin KC (Leasdéan an Ghild - Merchants House), an Dr Irene O' Brien (Cartlannaí Cathrach, Comhairle Cathrach Ghlaschú) & Dr. Joseph Gallagher (Heritage Officer, Comhairle Contae Dhún na nGall)
***Grianghraf: Stephen Hosey***

**Leathanach 67**
Bláthnaid Ní Chofaigh ag tuairisciú ar chaomhnú The Laurels, na Gleannta, i mí Iúil do ghnéchlár speisialta ar RTÉ Nationwide le comóradh a dhéanamh ar 10 mbliana ó bhás an drámadóra Brian Ó Frighil
***Grianghraf: Joseph Gallagher***

**Leathanach 68**
Sa phictiúr ag seoladh Atlas na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh in Ionad Ealaíon na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh i mí Dheireadh Fómhair tá (ó chlé go deas): Máire Ní Fhearraigh, an Dr Michael Potterton, an Dr Joseph Gallagher, an Dr Easkey Britton, an Dr Angela Byrne (údar Atlas na mBailte Stairiúla, Béal Átha Seanaidh), Jennifer Moore, an Dr Ruth McManus, an tOllamh Howard Clarke & Sarah Gearty
***Grianghraf: Karen Skelly***

**Leathanach 69**
Obair dheisiúcháin ar bhallaí saoirseachta tirime ar chosán agus uchtbhalla an Dúin, séadchomhartha seandálaíochta atá cosanta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, mar chuid de Chiste na Séadchomharthaí Pobail arna bainistiú ag Comhairle Contae Dhún na nGall
***Grianghraf: Joseph Gallagher***

**Leathanach 71**
Siúlóid dúlra le Aengus Kenned ag Trá an Bháid, an Charraig Fhinn, mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2025
***Grianghraf: Joseph Gallagher***

**Leathanach 72**
Stuart Dunlop ag stiúradh cainte agus siúlóide maidir le hAithint Pailneoirí ag Páirc na hEala, Bun Cranncha
***Grianghraf: Julie Corry, Comhairle Contae Dhún na nGall***

**Leathanach 77**
Suirbhé Mór Bhithéagsúlacht na Trá ag Trá an Mhachaire leis The Sea Collective le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta 2025
***Grianghraf: The Sea Collective***

# PHOTO CAPTIONS

**Page 44**
Trad Week 2025 concert highlighting music from East Donegal
***Photograph: Regional Cultural Centre***

**Page 45**
Young visitors making artworks in response to exhibition
***Photograph: Daniel Nelis***

**Page 46**
Sruth, an exhibition by Sinead Ni Mhaonaigh
***Photograph: Charlie Joe Doherty***

**Page 49**
Piper Paschal Gillen, Donegal County Museum, Culture Night
***Photograph: Donegal County Museum***

**Page 51**
Dr Samuel Beckton launching his exhibition, 'A Voice of their Own, the Protestant Associations of Donegal, Cavan and Monaghan, 1920-2016'
***Photograph: Donegal County Museum***

**Page 52**
Launch of the Romni Bahtali Tapestry in conjunction with the Donegal Travellers Project, Culture Night
***Photograph: Donegal County Museum***

**Page 53**
Sollus Highland Dancers, Donegal County Museum, Culture Night
***Photograph: Donegal County Museum***

**Page 54**
'Hope - Where the Light Enters', art exhibition in conjunction with the Donegal-Rape Crisis Centre
***Photograph: Donegal County Museum***

**Page 57**
Annemarie Ní Churreáin talks to Claire Cunningham for the Lyric FM documentary Among the Heather Rocks at Donegal County Archives; the documentary was aired on 9 March 2025 and is available as a podcast
***Photograph: Donegal County Archives***

**Page 59**
Scanned image from the Finner Camp World War I photograph album which was digitised in 2025
Photograph: Donegal County Archives

**Page 61**
Dr Irene O'Brien, Glasgow City Archivist, Dr Jacqueline McLaren, Lord Provost, Glasgow City Council, Niamh Brennan and Caroline Carr at the special event in Glasgow City Chambers to celebrate St Brigid's Day, 31 January 2025
***Photograph: Caroline Carr***

**Page 63**
Donegal Diaspora Ambassador Packie Bonner at the launch of the 'Working Over By' exhibition in the County Museum, High Road, Letterkenny on Friday, July 11
***Photo: Declan Doherty***

**Page 64**
Pictured at the 'Working Over By' exhibition launch in July are (front row from left to right): Patsy Lafferty, Packie Bonner, Cllr. Paul Canning & Cllr. Donal Coyle and (back row from left to right) Máire Ní Fhearraigh, Dr. Niamh Brennan, Caroline Carr, Dr. Patrick Fitzgerald, Judith McCarthy, Dr. Liam Campbell, Dr. Joseph Gallagher, Eoin Leonard & Cllr. Jimmy Kavanagh
***Photo: Declan Doherty***

**Page 65**
Master rope thatcher Brian Lafferty (left) pictured with David McFerran (right) who is the first recipient under the pilot Rope Thatch Mentorship Scheme initiated by the Conservation Office and the Heritage Office of Donegal County Council
***Photo: Joseph Gallagher***

**Page 66**
Pictured at the launch of 'Working Over By: Donegal Emigrant Working Lives in Scotland 1940-1990' travelling exhibition in the Glasgow City Archives on Tuesday, September 23 are (from left to right): Patsy Lafferty (Director of Service, Donegal County Council), Paul Canning (Cathaoirleach, Donegal County Council), Jerry O'Donovan (Irish Consul General), Jacqueline McLaren (Lord Provost of Glasgow), Packie Bonner (Donegal Diaspora Ambassador and former Republic of Ireland and Celtic goalkeeper), Frances McMenamin KC (Vice Dean of Guild - Merchants House), Dr. Irene O' Brien (City Archivist, Glasgow City Council) & Dr. Joseph Gallagher (Heritage Officer, Donegal County Council)
***Photo: Stephen Hosey***

**Page 67**
Bláthnaid Ní Chofaigh reporting on the conservation of The Laurels, Glenties in October for a special feature on RTÉ Nationwide to commemorate the 10th anniversary of the death of playwright Brian Friel
***Photo: Joseph Gallagher***

**Page 68**
Pictured at the launch of the Ballyshannon Historic Towns Atlas in the Abbey Arts Centre, Ballyshannon in October are (from left to right): Máire Ní Fhearraigh, Dr. Michael Potterton, Dr. Joseph Gallagher, Dr. Easkey Britton, Dr. Angela Byrne (author of the Ballyshannon Historic Towns Atlas), Jennifer Moore, Dr. Ruth McManus, Prof. Howard Clarke & Sarah Gearty
***Photo: Karen Skelly***

**Page 69**
Dry-stone wall repairs to the wall-top walkway and parapet at Doon Fort, an archaeological monument protected under the National Monuments Act, as part of the Community Monuments Fund managed by Donegal County Council
***Photo: Joseph Gallagher***

**Page 71**
Nature Walk with Aengus Kenned the Boat Strand, Carrickfinn, as part of National Heritage Week 2025
***Photograph: Joseph Gallagher***

**Page 72**
Stuart Dunlop leading a walk and talk on Pollinator Identification at Swan Park, Buncrana
***Photograph: Julie Corry, Donegal County Council***

**Page 77**
Big Beach Biodiversity Survey at Maghery Strand with The Sea Collective during Biodiversity Week 2025
***Photograph: The Sea Collective***

# ACRAINMNEACHA

| | |
|---|---|
| ATU | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| ARA | Cumann Cartlann agus Taifead |
| BAME | Daoine Gorma agus Mionlaigh Eitneacha |
| DACCHE | Gníomhaíocht Dhigiteach ar Athrú Aeráide le Timpeallacht Oidhreachta |
| DMEP | Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall |
| ED | Europe Direct |
| EDI | Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú |
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna (Dhún na nGall) |
| EU | An tAontas Eorpach |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| LECP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| LGMA | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| FEP | Feisire de Pharlaimint na hEorpa |
| OPW | Oifig Na nOibreacha Poiblí¬ |
| RCC | Ionad Cultúir Reigiúnach |
| READ DL | Léigh Dún na nGall (tionscadal léitheoireachta pobail) |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| TUSLA | An Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh |

# ACRONYMS

| | |
|---|---|
| ATU | Atlantic Technological University |
| ARA | Archives & Records Association |
| BAME | Black And Minority Ethnic |
| DACCHE | Digital Action on Climate Change with Heritage Environments |
| DMEP | Donegal Music Education Partnership |
| ED | Europe Direct |
| EDI | Equality, Diversity and Inclusion |
| ETB | (Donegal) Education and Training Board |
| EU | European Union |
| HSE | Health Service Executive |
| LECP | Local Economic and Community Plan |
| LGMA | Local Government Management Agency |
| MEP | Member of the European Parliament |
| OPW | Office of Public Works |
| RCC | Regional Cultural Centre |
| READ DL | Read Donegal (community reading project) |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| TUSLA | Child and Family Agency in Ireland |

